



ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN
IRISH AVIATION AUTHORITY



Tuarascáil Bhliantúil

2024





Clár Ábhair

Ráiteas an Chathaoirligh	4
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Athbhreithniú Oibríochtaí	10
Ról IAA	12
Clár Sábháilteachta Stáit agus Plean Sábháilteachta Eitlíochta	14
Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht Sábháilteachta	15
Clárú Aerárthaí	16
Ceadúnú Pearsanra	17
Córais Aerárthaí Gan Foireann (UAS)	18
Slándáil Eitlíochta	18
Athruithe Rialála	19
Ceara Aerphaisinéirí agus Daoine ar Bheagluaineacht	20
Muirearú agus Feidhmíocht Seirbhísí Aerloingseoireachta	22
Ceadúnú Aeriompróra	27
Ceaduithe Láimhseála ar an Talamh	28
Ceadúnú Trádála Taistil	28
Scéim Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta	29
Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara	30
Ár mBaill Foirne agus Eagraíocht	31
Áiseanna agus an Timpeallacht	32
Athbhreithniú Airgeadais	34
Tuairisc na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais	38

01

Luachanna IAA

**Tá cúrsaí sábháilteachta tábhachtach**

Is muidne na saineolaithe tionscail agus an t-údarás inár réimse.

**Soiléir agus freagrúil**

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn go héasca. Tá ár ngealltanais seirbhíse poiblí á gcomhlíonadh agus á sárú againn, agus tá tréaniarracht á déanamh againn eolas soiléir a chur ar fáil agus cabhrú le daoine gach gné de rialáil a thuiscint.

**Tacaímid le barr feabhais a bhaint amach**

Ag leibhéal an duine aonair agus na foirne ar fad, cinntímid go bhfuil ár gcleachtais agus ár bhfeidhmíocht ar an gcaighdeán is airde agus is féidir san earnáil eitlíochta domhanda, agus go bhfuil siad á gcur chun feidhme i gcónaí.

**Comhoibríoch**

Tacaímid le hobair foirne laistigh den Údarás, agus oibrímid le páirtithe leasmhara agus le cliaint chun réitigh a aimsiú.

**Is iad ár mbaill foirne ár n-acmhainn is luachmhaire**

Tá daoine i gcoirlár gach a ndéanann muid. Is iad ár ngairmiúlacht agus tiomantas an difríocht is mó atá eadrainn féin agus eagraíochtaí eile.

**Tacaímid le cleachtais atá inbhuanaithe agus freagrach**

Is é an aidhm atá againn tacú le forbairt na hearnála eitlíochta ar bhealach atá inbhuanaithe agus freagrach, agus an riachtanas maidir le cosaint ár dtimpeallachta comhroinnte a chomhlíonadh.

Príomhfhigiúirí 2024

€37.4m

Láimhdeachas

€1.9m

Brabús i ndiaidh Cánach

40m

Paisinéirí ag na 6 Aerfort Idirnáisiúnta in Éirinn

1,435

Clár na nAerárthach

516

Aerloingeas AOC na hÉireann

612

Aerloingeas Ginearálta

18,000+

Teastais Inniúlachta Oibreoirí agus Píolótaí UAS

21,500+

Ceadúnais Pearsanra Eitilte

2,221

Gearáin maidir le Cearta Aerphaisinéirí
Próiseáilte

23

Gearáin ó Dhaoine ar Bheagluaineacht

01

Ráiteas an Chathaoirligh



Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann le haghaidh 2024 a chur i láthair, an chéad bhliain iomlán d'oibríochtaí an Údaráis tar éis atheagrú a dhéanamh ar rialáil na heitlíochta sibhialta in Éirinn i mí na Bealtaine 2023.

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann le haghaidh 2024 a chur i láthair, an chéad bhliain iomlán d'oibríochtaí an Údaráis tar éis atheagrú a dhéanamh ar rialáil na heitlíochta sibhialta in Éirinn i mí na Bealtaine 2023.

Tá sábháilteacht san eitlíocht fós ar an tosaíocht is mó atá ag an Údarás i gcomhlíonadh a shainchúirí reachtúil. Le linn 2024, lean an tÚdarás dá thiomantas rialáil sábháilteachta agus slándála éifeachtach agus feidhmiúil a áirithiú in earnáil na heitlíochta lena léirítear na caighdeáin agus na cleachtais idirnáisiúnta is fearr, agus ar an gcaoi sin a chinntiú go bhfuil an tsábháilteacht ina cuid dhlís den éiceachóras eitlíochta in Éirinn.

Is mó an t-éileamh ar shliotáin tuirlingthe, éirí de thalamh agus páirceála ag aerfort Bhaile Átha Cliath ná toilleadh an aerfoirt. Tá an t-aerfort comhordaithe go hiomlán agus dá bhrí sin tá feidhm ag rialacháin an AE maidir le comhordú sliotán. Ceann d'obleagáidí IAA de bhun an Rialacháin sin is ea na paraiméadair chomhordaithe sliotán ag aerfort Bhaile Átha Cliath a chinneadh dhá uair sa bhliain i ndáil le gach mórshéasúr eitilte – séasúr 'Samhraidh' seacht mí agus séasúr 'Geimhridh' cúig mhí ar fad. Mar thoradh ar an gcleachtadh sin, bhí conspóid ann le linn 2024 mar gheall ar an uasteorainn de 32 mhilliún paisinéir in aghaidh na bliana a d'fhorchuir an Bord Pleanála in 2007 mar chuid de na coinníollacha ceada pleanála chun Críochfort 2 a fhorbairt ag an aerfort. Chuir IAA na páirtithe uile ar an eolas faoina chinneadh gur cheart an uasteorainn a mheas agus na paraiméadair chomhordaithe sliotán á ndearbhú ag an aerfort le haghaidh 2024. D'éascair dlíthíocht na hArd-Chúirte ina ndearna na haerlínte iarracht agóid a dhéanamh i gcoinne na tuairime sin. Cuireadh ceisteanna áirithe ar an ábhar faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. In ordú a rinneadh ar an 3 Aibreán 2025, d'ordaigh an Ard-Chúirt urghaire idirbhreitheach á rá nár cheart do IAA, agus na paraiméadair chomhordaithe sliotán á gcinneadh aige, an coinníoll maidir le cead pleanála 32 mhilliún paisinéir in aghaidh na bliana a chur san áireamh go dtí go gcinneadh na Cúirteanna na ceisteanna substainteacha. Maidir leis an gcaoi inar iompair IAA é féin sna himeachtaí, thug an Ard-Chúirt faoi deara, ina rialú i mí Aibreáin 2025, go ndeachaigh IAA i ngleic le hábhair ar bhealach cothrom agus macánta agus gur chuir sé fianaise agus aighneachtaí cothroma agus cabhrach ar fáil don chúirt. Tharraing an Chúirt aird ar chur chuige IAA toisc, dar léi, go raibh an cur chuige sin (a) fíorchabhrach, agus (b) sampla den scoth a bhí ann den chaoi ar cheart do fhreagróir údaráis phoiblí in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh é féin a iompar.

Tá cúig aeriompróir déag ceadúnaithe in Éirinn a oibríonn aerárthaí éagsúla idir aerárthaí scairde cianaistir agus héileacaptair. Is é 516 aerárthach líon comhiomlán na n-aerárthaí atá cláraithe ag aeriompróirí intíre le IAA.

Is é 1,435 líon iomlán na n-aerárthaí atá cláraithe leis an IAA. Áirítear leis sin 612 aerárthach eitlíochta ginearálta a úsáidtear ar chúiseanna áineasa agus gnó mar aon leis an aerloingeas atá cláraithe ag an tionscal léasaithe aerárthaí, a bhfuil láithreach shuntasach aige in Éirinn.

I gcomhréir lena shainordú tráchtála, ní fhaigheann an IAA aon mhaoiniú ón Stáchtiste. In 2024, chomhlíon sé a fheidhmeanna reachtúla le meánlíon foirne de 189. Bhí an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh cánachais cothrom le €1.9 milliún (2023: €0.7 milliún) ar láimhdeachas de €37.4 milliún (2023: €90.7 milliún). Tagann an toradh sin tar éis do IAA a tháillí agus a mhuirir a athshonrú in 2024 maidir lena shainordú leasaithe. I gcomhréir le hionchais na scairshealbhóirí, níor dhearbhaigh IAA díbhinn le haghaidh 2024.

Mar gheall ar na hathruithe ar ghnó na cuideachta i mí na Bealtaine 2023, tar éis chur chun feidhme fhorálacha an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022, tá sé dúshlánach figiúirí airgeadais na cuideachta idir 2024 agus 2023 a chur i gcomparáid le chéile. Fágann méid na n-athruithe go bhfuil sé deacair comparáidí fóinteacha a dhéanamh, ós rud é go bhfuil difríocht shuntasach idir an gnó bunúsach atá fágtha.

Áirítear sna ráitis airgeadais léiriú ar leibhéal an ghnó leanúnaigh i gcomparáid le leibhéal an ghnó scortha.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mbord as a dtacaíocht agus a dtiomantas i rith na bliana. Cuirim fáilte roimh an Uasal Colum Hanifan, fostaí de chuid an IAA a tháinig ar an mbord mar stiúrthóir i rith na bliana. Tá naoi stiúrthóir ar an mbord faoi láthair, is mná iad ceathrar agus is fir iad an chuid eile.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Aire Iompair, an tUasal Eamonn Ryan agus leis na hAirí Stáit Iompair, an tUasal Jack Chambers T.D. agus an tUasal James Lawless T.D. as a dtacaíocht i rith na bliana. Cuirim fáilte roimh an Aire Iompair nua, an tUasal Darragh O'Brien, T.D., an tUasal Jerry Buttimer T.D., an tAire Stáit um Iompar Tuaithe agus an tUasal Sean Canney T.D., an tAire Stáit le freagracht as Iompar Idirnáisiúnta agus Bóthair, Lóistíocht, Iarnród agus Calafóirt. Táim ag súil go mór le bheith ag obair leo i rith na bliana atá romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Uasal Ken Spratt, Ard-Rúnaí agus Ethna Brogan, Uasal, Rúnaí Cúnta agus foireann na Roinne Iompair as a dtacaíocht i rith na bliana.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Declan Fitzpatrick, Príomhfheidhmeannach agus foireann uile IAA as a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas leanúnach.



Rose Hynes
Cathaoirleach

24 Aibreán 2025

01

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



In 2024 tháinig fás breise ar an eitlíocht shibhialta in Éirinn, agus méadú ag teacht ar an nascacht leis an Eoraip agus níos faide i gcéin. Tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí i ngach aerfort, agus lean an ghníomhaíocht ar fud fhostóirí eitlíochta na hÉireann ag méadú.

Tá ról rithábhachtach ag nascacht eitlíochta maidir le tacú le fás eacnamaíoch agus rathúnas na hÉireann tríd an tír a nascadh leis an gcuid eile den domhan. Is deis iontach í an eitlíocht freisin don nuálaíocht theicneolaíoch in Éirinn leis an bhfás ar aer-shoghluaisteacht nuálach agus leis an iarracht chun an eitlíocht a dhéanamh níos inbhuanaithe.

Ag IAA, is é an ról atá againn an mhuinín agus an luach a chuireann an pobal i gcoitinne ar eitlíocht shibhialta a choinneáil trí rialacháin an Aontais Eorpaigh agus na rialacháin náisiúnta is infheidhme a chur chun feidhme go hiomchuí, trí mhaoirseacht iomchuí a dhéanamh ar ár dtionscal eitlíochta trí dheimhniú, ceadúnú agus cigireacht leanúnach a dhéanamh ar a n-oibríochtaí, chomh maith le leibhéal láidir cosanta tomhaltóirí agus rialála eacnamaíche a sholáthar.

Tá sé sin ag teacht go hiomlán le Clár an Rialtais agus le misean na Roinne córas iompair inrochtana, éifeachtúil, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar a thacaíonn le pobail, teaghlaigh agus gnóilachtaí, agus atá ag teacht a thuilleadh leis an mBeartas Náisiúnta Eitlíochta chun nascacht na hÉireann leis an Domhan a mhéadú.

Baineann Éire tairbhe freisin as an tionscal eitlíochta atá lonnaithe thar lear, ní hamháin as aonáin a rialálaimid in Éirinn. Tá sé tábhachtach go gcuirfimid na caighdeáin agus na dea-chleachtais sábháilteachta agus slándála is airde chun cinn ar fud an domhain lena chinntiú go leanfaidh an eitlíocht de ghluaiseacht dhomhanda earraí agus daoine na hÉireann a éascú.

Ar an drochuair, in 2024 tharla timpiste mharfach i héileacaptar ginearálta eitlíochta in Éirinn. Tá an timpiste seo á imscrúdú faoi láthair ag an Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Aeir (AAIU) agus má eisíonn an AAIU aon mholtaí sábháilteachta don IAA chun tionóiscí amach anseo a chosc gníomhóidh an IAA ina n-iomláine iad.

In 2024, chuireamar fáilte roimh thrí aerlíne nua a chuir tús le hoibríochtaí tar éis dóibh a léiriú go mion go bhfuil na ceanglais sábháilteachta, slándála agus eacnamaíocha maidir le haeriompar tráchtála a sholáthar á gcomhlíonadh acu. Tá tús curtha ag Bristow Ireland le seirbhísí a sholáthar do Gharda Cóta na hÉireann. Chuir Fly4 tús le seirbhísí le haerloingis B737 a sholáthraíonn acmhainneacht bhreise d'aerlínte ar fud na hEorpa. Soláthraíonn Stellaer seirbhísí cairtfhostaithe paisinéirí ar éileamh ó Éirinn chuig roinnt cinn scríbe Eorpacha.

Tá an uasteorainn phleanála leagáide 2007 de 32 milliún paisinéir in aghaidh na bliana ag aerfort Bhaile Átha Cliath fós ar an mbac is mó ar úsáid iomlán an bhonneagair atá ann cheana ag an aerfort. Tá an IAA freagrach as Rialachán AE maidir le Sliotáin¹ a chur chun feidhme. Is iad príomhchuspóirí an rialacháin leithdháileadh na sliotán a uasmhéadú agus a áirithiú gur féidir le haerlínte iontrála nua rochtain chothrom a fháil ag na haerfoirt, faoi réir na srianta teicniúla, oibríochtúla agus comhshaoil ábhartha uile ar thoilleadh aerfoirt a chur san áireamh. In 2024 thug aerlínte dúshlán don IAA maidir le paraiméadar acmhainneachta a chur san áireamh chun uasteorainn 2007 de chuid Bord Pleanála de 32 mhilliún paisinéir in aghaidh na bliana a chur san áireamh i gcinneadh acmhainneachta Shamhradh 2025 (S25).

D'iarr na haerlínte urghaire ón Ard-Chúirt chun bac a chur ar pharaiméadar toillte an tsuíocháin, a dheonaigh an Chúirt, agus saincheisteanna áirithe á dtarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ag an am céanna.

¹ *Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 (an Rialachán maidir le Sliotáin)* maidir le rialacha com-choiteanna le haghaidh leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail, arna leasú le *Rialachán (CE) Uimh. 793/2004*.

Beag beann ar thoradh an tarchuir seo chuig CBAE agus ar thoradh deiridh na gcásanna leanúnacha san Ard-Chúirt, tugann IAA dá aire go dtagraíonn an Clár Rialtais reatha do dheireadh a chur leis an uasteorainn bhliantúil do phaisinéirí a luaithe agus is féidir. Tacóidh an IAA go réamhghníomhach leis an Rialtas, le daa, le Comhairle Contae Fhine Gall, le ANCA, leis an mBord Pleanála agus leis na páirtithe leasmhara go léir chun aghaidh a thabhairt ar an uasteorainn paisinéirí 32m agus ar na srianta oíche atá beartaithe, faoi láthair leis an mBord Pleanála, ar bhealach ar bith is féidir linn.

Radharc chun Tosaigh ar an Tionscal

Lean an eitlíocht in Éirinn de bheith ag fás in 2024. Beidh tionchar ag forchur taraifí nua ag rialtas na Stát Aontaithe le déanaí ar éileamh eitlíochta ach tá sé ró-luath tuiscint a fháil ar an tionchar diúltach foriomlán a bheidh aige. Mar sin féin, táimid ag súil faoi láthair le fás leanúnach a fheiceáil in 2025 i gclárú aerárthaí, ceadúnú pearsanra, córais aerárthaí gan foireann (dróin), iarratais tosaigh ar iontrálaithe nua sa mhargadh agus gníomhaíocht ghinearálta an tionscail. Tá an réamhaisnéis reatha maidir le trácht ar fud na hEorpa i Samhradh 2025 cosúil le Samhradh 2024. Tháinig méadú suntasach ar mhoilleanna aerthrachta ar fud mhórhíre na hEorpa i Samhradh 2024 agus táimid ag súil le saincheisteanna comhchosúla i Samhradh 2025 ós rud é go bhfuil na bunsrianta bonneagair, foirne agus geopholaitiúla maidir le rialú aerthrachta fós ann.

Chuir srianta leanúnacha ar sheachadadh aerárthaí nua agus ceanglais chothabhála mhéadaithe le haghaidh samhlacha áirithe inneall aerárthaí teorainn le cumas aerlínte acmhainneacht a mhéadú in 2024 agus leanfar leis sin in 2025.

Ar fud an domhain, tá sé tuartha ag IATA² go sáróidh líon na bpaisinéirí an marc 5 bhilliún den chéad uair, agus tá coinne leis go méadóidh aerlínte brabúis a thuilleadh in 2025 tar éis dea-fheidhmíocht in 2024. D'iompair Ryanair, an aerlíne is mó in Éirinn, breis agus 200 milliún paisinéir in aon bhliain amháin den chéad uair agus tá sé beartaithe aige é sin a leathnú a thuilleadh in 2025.

Tá fás leanúnach ag teacht ar thionscal eitlíochta níos leithne na hÉireann. Léiríonn eagraíochtaí léasaithe, táirgthe agus deartha aerárthaí, oiliúint pearsanra, athchóiriú aerárthaí agus comhpháirteanna fás dearfach. Is príomhdhúshlán don tionscal é tallann agus pearsanra cáilithe a mhealladh, go háirithe innealtóirí cothabhála aerárthaí. Cuirimid fáilte mhór roimh thiomantas an Rialtais do leathnú mór a dhéanamh ar dheiseanna printiseachta d'innealtóirí cothabhála aerárthaí in Éirinn, agus tiocfaidh méadú faoi dhó ar líon na n-áiteanna oiliúna ó 79 in 2024 go dtí suas le 160 ó mhí Mheán Fómhair 2025.

Nuálaíocht agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn

Tá an eitlíocht shibhialta ag forbairt i gcónaí agus féachann sí le nuálaíochtaí san intleacht shaorga, in oibríochtaí uathrialacha, in ardábhair agus i bhfoinsí cumhachta nua amhail breosla eitlíochta leictreach, hibrideach agus inbhuanaithe (SAF) a chur in oiriúint, rud a chuireann deiseanna taighde agus forbartha ar fáil in Éirinn. Leanfaidh an IAA de thacaíocht a thabhairt don IDA agus d'Fhiontraíocht Éireann chun deiseanna nua déantúsaíochta eitlíochta agus taighde eitlíochta a chur ar fáil d'Éirinn.

Beidh dul chun cinn i dteicneolaíocht na gcóras aerárthaí gan foireann (dróin) ina chumasóir d'iomáiochas leanúnach thionscal na hÉireann ina iomláine. Tá sealbhóirí Theastas Oibreora UAS Éadrom (LUC) na hÉireann ag leathnú a n-oibríochtaí agus ag déanamh oibríochtaí go rialta san Eoraip agus níos faide i gcéin maidir le neart a gceaduithe in Éirinn. Leanfaidh IAA de bheith ag éascú agus ag tacú leis an eamail sin atá ag dul i méid, agus ag an am céanna áiritheoidh sé go dtabharfar aghaidh mar is ceart ar oibleagáidí i dtéarmaí sábháilteachta, slándála, príobháideachais agus saincheisteanna comhshaoil a shonraítear i rialachán an Aontais Eorpaigh.

2 <https://www.iata.org/en/pressroom/2024-releases/2024-12-10-01/>

01

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
(ar lean)

Mar thoradh ar an digitiú, tá fáil ar mhargaí nua, tá méadú tagtha ar an nuálaíocht agus tá feabhas tagtha ar an iomaíochas. Mar sin féin, tá méadú ag teacht ar an riosca atá ann don eitlíocht ó thaobh na cibearshlándála de. In 2025, cuirfidh IAA tús le maoirseacht ar cheanglais rialála nua maidir le Slándáil Faisnéise i gcomhréir le rialachán Chuid-IS EASA agus le treoir NIS-II. Oibreoidh IAA le comhpháirtithe tionscail le linn na céime cur chun feidhme seo agus cuirfidh sé treoir ar fáil maidir leis na hoibleagáidí rialála is gá.

Comhshaol

Ón 1 Eanáir 2025, mar chuid de shainordú Athbhreosla an Aontais Eorpaigh³, ní mór do sholáthraithe breosla san Eoraip a áirithiú gur Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF) 2% den bhreosla uile a chuirtear ar fáil ag aerfoirt an AE, ag ardú go 6% in 2030, 20% in 2035 agus de réir a chéile go 70% in 2050. Ó 2030 ar aghaidh, ní mór 1.2% de na breoslaí sin a bheith ina mbreoslaí a mhonaraítear go sintéiseach freisin, ag ardú go 35% in 2050.

Ainmneoidh an Rialtas an IAA mar an t-údarás inniúil chun an méid seo a leanas a chinntiú:

- go ndéanfaidh comhlachtaí bainistíochta aerfoirt na bearta uile is gá chun rochtain oibreoirí aerárthaí ar bhreosla ina bhfuil an sciar íosta de SAF/eSAF a éascú.
- go gcomhlíonfaidh oibreoirí aerárthaí na rialacha frith-tancaeireachta - is é sin, gur 90% ar a laghad den bhreosla eitlíochta bliantúil is gá a bheith i gcainníocht bhliantúil an bhreosla eitlíochta a chuirfidh oibreoir aerárthaí ar leith ar bord ag aerfort áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh.
- go ndéanfar measúnú ar na réasúin ó oibreoirí aerárthaí maidir le titim faoi bhun na tairsí ardaithe ag aerfort de chuid an Aontais Eorpaigh in Éirinn agus díolúintí sealadacha a dheonú ón oibleagáid ardaithe ar bhealaí sonracha a fhágann aerfort in Éirinn.

Ar fud an domhain, is deis straitéiseach é an t-éileamh ar mhéideanna móra breoslaí eitlíochta inbhuanaithe chun táirgeadh fuinnimh a éagsúlú, rud a chuireann ar chumas tíortha a bhfuil acmhainneacht mhaith fuinnimh in-athnuaite acu a bheith neamhthuilleamaíoch i dtáirgeadh breosla agus slándáil fuinnimh a áirithiú. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina dheis d'Éirinn bogadh ó spleáchas ar charbón iontaise-bhunaithe allmhairithe go bheith ina táirgeoir breoslaí sintéiseacha glasa agus fáiltímid roimh thionscnamh an Rialtais chun Treochlár Náisiúnta um Beartas Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe a fhorbairt agus tacú le hAerfort na Sionainne mar mhol chun teicneolaíochtaí eitlíochta nua a thástáil mar a leagtar amach sa Chlár nua Rialtais. Céim thábhachtach chun tacú le táirgeoirí SAF agus le Monaróirí Buntrealaimh dlús a chur leis an bhformheas is ea tionscnaimh amhail Saoráid Taighde um Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF) Cholaíste na Tríonóide a bhunú agus í a bheith ceaptha ag EASA mar theach imréitigh an Aontais Eorpaigh do bhreoslaí SA agus breoslaí eitlíochta nua níos ísle a cháiliú. Déanfaimid ár gcion féin chun a chinntiú go mbainfidh Éire a spriocanna comhshaoil do 2050 amach agus go n-imreoidh an eitlíocht a ról. Déanfaidh an IAA feabhsuithe a chur chun cinn agus a chumasú maidir le forbairt breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, dearáí aerárthaí agus innill níos éifeachtúla, agus oibriochtaí aerárthaí níos éifeachtúla ag aeradróim agus in aerspás na hÉireann.


3 Rialachán (AE) 2023/2405 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation).

Nóta Buíochais

Bhí bliain ghnóthach eile ag Bord agus bainistíocht IAA in 2024 inar cuireadh i gcrích na cúraimí deighilte agus cumaisc a bhí fágtha le déanamh de réir an Achta um Aeriompar. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár gCathaoirleach, Rose Hynes, agus le comhaltaí Bhord IAA as a dtreoir shaineolach agus as a dtacaíocht leanúnach dár bhfoireann bainistíochta i rith na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Roinn Iompair as a dtiomantas agus a ndíograis do cheisteanna eitlíochta in Éirinn.

Ar deireadh, caithfidh mé aitheantas a thabhairt do thiomantas agus dúthracht leanúnach fhoireann an IAA maidir le rialtóir eitlíochta éifeachtach a chur ar fáil d'Éirinn. Is iad ár ndaoine agus a saineolas agus a dtiomantas an bua is mó atá againn i gcónaí. Táimid dírithe i gcónaí ar rialáil a dhéanamh ar na caighdeáin ghairmiúla is airde chun timpeallacht eitlíochta atá sábháilte, slán agus dírithe ar thomhaltóirí a chinntiú. Leanfaidh ár ngairmiúlacht agus ár dtiomantas de bheith i gcróilár gach rud a dhéanaimid agus leanfaimid orainn ag cur ar chumas agus ag tacú lenár saineolaithe a bheith ar na saineolaithe is fearr ina réimsí féin, ag soláthar na heagraíochta is gá chun na caighdeáin is airde a bhaint amach ar mhaithe le hÉirinn.



Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

24 Aibreán 2025

02 Athbhreithniú Oibríochtaí





02

Athbhreithniú Oibríochtaí

Ról IAA

Is cuideachta leathstáit tráchtála (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) é Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) agus an t-aon rialtóir eitlíochta sibhialta amháin in Éirinn. Tá IAA freagrach as rialáil agus maoirseacht shábháilteacht agus shlándáil na heitlíochta sibhialta in Éirinn, agus as rialáil eacnamaíoch agus cosaint tomhaltóirí.

Tarmligeadh freagracht as larscríbhinní ICAO (an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta) agus as Rialachán an Aontais Eorpaigh do IAA i gcomhréir leis na sceidil a leagtar amach san Acht um Aerloingseoireacht, 2022.

Is é IAA an t-údarás inniúil náisiúnta i gcomhthéacs na rialála sábháilteachta eitlíochta mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/1139 agus tá sé freagrach freisin as formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna oibríochtúla stáit áirithe lasmuigh de shainchúram larscríbhinní ICAO (m.sh. aerárthaí seanaoise neamhdheimhniithe agus aerárthaí baile, eitlíocht garda cósta lena n-áirítear cuardach agus tarrtháil). Is é an IAA an t-údarás atá freagrach as an gClár Sábháilteachta Stáit a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Leagtar freagrachtaí IAA amach faoi chuimsiú na reachtaíochta/na rialála domhanda, Eorpaí agus náisiúnta is infheidhme.

Áirítear ar na feidhmeanna rialála na nithe seo a leanas,

- Aerárthaí a chlárú agus a n-aeracmhainneacht leanúnach a dheimhniú
- Pearsanra a cheadúnú agus eagraíochtaí a dheimhniú a bhfuil baint acu le cothabháil aerárthaí
- Píolótaí, rialtóirí aerthrachta agus aeradróim a cheadúnú
- Caighdeáin oibriúcháin aeriompróirí a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Oibreoirí dróin a chlárú
- Rialáil Praghsanna Aerfort Bhaile Átha Cliath agus AirNAV na hÉireann
- Comhordú/leithdháileadh sceideal sliotán ag aerfoirt na hÉireann
- Ceadúnú na trádála taistil in Éirinn
- Aerlínte a cheadúnú agus soláthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh a cheadú
- Cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais Eorpaigh lena gcuimhdítear Cearta Aerphaisinéirí, cúnamh a sholáthar do Phaisinéirí ar Bheagluaineacht agus an tAcht Inrochtaineachta
- Maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil na heitlíochta sibhialta

Cuireann IAA a chuid oibre i gcrích de réir na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is airde atá socraithe ag:

- An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO)
- An tAontas Eorpach (AE) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA)
- An Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta (ECAC)

Treoraíonn siad seo an IAA chun a chinntiú go n-oibríonn eitlíocht shibhialta na hÉireann de réir na gcaighdeán sábháilteachta is déine. Tá sábháilteacht lárnach inár n-oibríochtaí agus is í bunús gach rud a dhéanaimid.

Soláthraíonn an chairt seo a leanas an achoimre ardleibhéil ar gach ceadúnas agus deimhniú arna n-eisiúint ag an IAA, laistigh de na réimsí sábháilteachta agus slándála.

Tionscal Eitlíochta Rialaithe Sábháilteachta agus Slándála in Éirinn



21,663 Ceadúnas Pearsanra Eitilte



2,805 Innealtóirí Cothabhála Aerárthaí



310 Oifigeach Rialaithe Aerthráchta
52 Oifigeach Raidió
3 Oifigeach Seirbhíse Faisnéise Eitilte



839 Scrúdaitheoir FCL



1 Ionad Aerleighis



7,991 Deimhniú Cianphíolóta Clárúcháin Oibreoirí UAS
– 23,429 A1/A3
– 3,060 A2
– 698 STS



2,200 Pearsanra deimhniú AvSec



1,435 Aerárthach Cláraithe
516 Aerárthach ar AOC Éireannach
612 GA (lena n-áirítear larscribhinn I)



12 Sciathán Dobhogtha - Deimhniú Aeroibreora



3 Héileacaptar - Deimhniú Aeroibreora



2 Formheasanna Seirbhísí Eitlíochta an Gharda Cósta Náisiúnta



10 Oibreoirí Dearbhaithe Páirt-NCC



11 Oibreoirí Dearbhaithe Páirt-SPO



17 Eagraíocht Oiliúna Ceadaithe
20 Eagraíocht Oiliúna Dearbhaithe
04 Eagraíocht Náisiúnta Oiliúna Eitilte
01 Eagraíocht Náisiúnta Oiliúna Mionneitleán



5 Eagraíocht Oiliúna Foirne Cábáin



15 Gléasanna Oiliúna Insamhlóir Eitilte



36 Eagraíocht Chothabhála Chuid 145
27 Eagraíocht Bainistíochta Aeracmhainneachta Leanúnacha
5 Eagraíocht Aeracmhainneachta Comhcheangailte
7 Eagraíocht Táirgthe
12 Eagraíocht Dearaidh
5 Eagraíocht Oiliúna Cothabhála Chuid 147



7 Deimhniú Aeradróim EASA
14 Ceadúnas Aeradróim Náisiúnta
6 Aeradróim Neamhceadúnaithe - Dearbhú Oiliúna Eitilte
1 Aeradróim Neamhceadúnaithe - Oibríochtaí Oíche Dearbhú



7 Deimhniú Seirbhísí Aerthráchta agus Cumarsáide/ Soláthraithe Seirbhíse Aerloingseoireachta
1 Deimhniú maidir le bainistíocht na sreibe aerthráchta agus Soláthraí seirbhíse bainistíochta aerspáis
1 Deimhniú Soláthraí Seirbhísí Faisnéise Aerloingseoireachta
1 Deimhniú ó Soláthraí Choimisiún Aerspáis an Atlantaigh Thuaidh
6 Deimhniú an tSoláthraí Seirbhísí Meitéareolaíochta
8 Soláthraí Oiliúna Rialaithe Aerthráchta (TU)
1 Deimhniú soláthraí seirbhíse Cigireachta Eitilte



54 Údarú Oibríochtúil
12 Dearbhú Oibríochtúil
8 Ceaduithe trasteorann
5 Deimhniú UAS Éadroma
8 Eintitis Aitheanta



Gach oibreoir aerárthaí
Gach oibreoir aeradróim
23 Eagraíochtaí Oiliúna AvSec
95 Coinsíneoirí Aitheanta
48 Gníomhairí Rialaithe
70 Tarlóirí Rialaithe
15 Soláthraithe Deimhniú
4 Eagraíochtaí Stáit
26 Soláthraithe aitheanta
4 Aeriompróirí a iompraíonn lastas isteach san AE

02

Athbhreithniú Oibríochtaí
(ar lean)**Clár Sábháilteachta Stáit agus Plean Sábháilteachta Eitlíochta**

Nuashonraíodh an Clár Sábháilteachta Stáit (SSP) d'Éirinn in 2023 agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin IAA ag <https://www.iaa.ie/safety>. Tagann Coiste Comhordaithe SSP le chéile go ráithiúil chun comhordú ábhartha a chinntiú idir na gníomhaireachtaí Stáit a bhfuil baint acu leis an SSP a chur i bhfeidhm.

Oibríonn IAA le Comhlacht Comhairleach Bhord Bainistíochta EASA (MAB) chun tosaíochtaí straitéiseacha san eitlíocht shibhialta a fhorbairt laistigh den AE Tháinig MAB le chéile ceithre huaire i rith 2024 agus áiríodh ar na príomh-shaincheistean a pléadh príomhfhorbairtí rialála an Aontais Eorpaigh, comhar míleata sibhialta, rioscaí atá ag teacht chun cinn (m.sh. spúfáil agus trasnaíocht GNSS), cibearshlándáil, eitlíocht inbhuanaithe, digitiú na heitlíochta, coincheapa oibríochtúla nua agus tionscadail taighde leanúnacha.

Foilsíonn IAA an Plean Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta (SPAS) chun aird a tharraingt ar na príomhchuspóirí sábháilteachta agus sábháilteachta eitlíochta agus ar na gníomhaíochtaí maolaitheacha atá á ndéanamh ar leibhéal an Stáit chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sábháilteachta agus slándála. Foilsítear an SPAS ar shuíomh gréasáin IAA ag <https://www.iaa.ie/safety>.

Tá SPAS sa tríú bliain de thréimhse thagartha trí bliana 2023-2025 faoi láthair. Áirítear leis 71 ghníomhaíocht lena dtugtar aghaidh ar phríomhthosaíochtaí chun feabhas a chur ar fheidhmeanna rialála maidir le bainistiú sábháilteachta, maoirseacht ar chomhlíonadh agus cur chun cinn na sábháilteachta, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar rioscaí oibríochtúla ar fud réimsí éagsúla (m.sh. oibríochtaí aerárthaí, seirbhísí aerloingseoireachta, oibríochtaí aeradróim, aeracmhainneacht).

Forbrófar an chéad leagan eile de SPAS don tréimhse thagartha 2026-2028 i rith 2025 i gcomhairle leis na Páirtithe Leasmhara.





Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht Sábháilteachta

Tá tuarascáil staitistiúil maidir le Feidhmíocht Sábháilteachta Bhliantúil Chóras Eitlíochta Sibhialta na hÉireann foilsithe ar www.iaa.ie/safety. Faraor, tharla timpiste héileacaptair mharfach amháin i rith 2024 agus bhí dhá bhás ann agus déanann IAA a chomhbhrón le teaghlaigh agus le cairde na ndaoine a bhásaigh.

Leanaimid orainn ag obair gan stad gan staonadh le heintitis rialálte chun foghlaim ó thionóiscí agus ó theagmhais thromchúiseacha chun cabhrú le básanna san eitlíocht amach anseo a chosc. Taispeántar na treochtaí deich mbliana maidir le tionóiscí agus teagmhais thromchúiseacha sna cairteacha seo a leanas. Tá gach tarlú aonair faoi réir imscrúdú sábháilteachta neamhspleách agus tuarascáil ó AAIU, agus maoirseacht rialála ag IAA ar na heintitis rialálte lena mbaineann.


Treochtaí 10 mbliana a bhaineann le Timpistí agus Teagmhais Thromchúiseacha



02

Athbhreithniú Oibríochtaí
(ar lean)

Eitlíocht Ghinearálta



Clárú Aerárthaí

Bhí clár na n-aerárthaí ag 1,435 aerárthach ag deireadh mhí na Nollaig 2024, agus tháinig méadú 75 aerárthach air le linn an 12 mhí roimhe sin.

	Nollaig 2023	Nollaig 2024	Athrú Bliantúil
Aerárthach mór > 5,699 kg.	717	762	45
Aerárthach beag < 5,700 kg.	592	612	20
Iomlán na n-aerárthaí	1,309	1,374	65
Rótarárthach	51	61	10
Clár Iomlán	1,360	1,435	75

Bhí 223 idirbheart iarbhir ar chlár na n-aerárthaí - baineadh 72 aerárthach den chlár lann agus cuireadh 137 leis agus cuireadh 12 rótarárthach breise leis agus baineadh 2 cheann díobh.




Cláraigh ag:	Rótárthaí			Clár	
	Aerárthaí Breise	Aerárthaí Díchláraithe	Aerárthaí Cláraithe	a Cuireadh Leis Rótárthach	Lena n-áirítear Rótárthach
Nollaig-23			1,309		511,360
Eanáir-24	10	-5		0	
Feabhra-24	10	-8		0	
Márta-24	12	-9		0	
Aibreán-24	18	-11		0	
Bealtaine-24	13	-9		1	
Meitheamh-24	11	-10		1	
Iúil-24	11	-3		2	
Lúnasa-24	9	-3		1	
Meán Fómhair-24	16	-2		1	
Deireadh Fómhair-24	6	-2		0	
Samhain-24	7	-6		2	
Nollaig-24	14	-4	1,374	2611,435	
	137	-72		10	


Ceadúnú Pearsanra

Is iad feidhmeanna na Rannóige um Cheadúnú Pearsanra ná foireann eitilte agus innealtóirí cothabhála aerárthaí a cheadúnú; cúraimí riaracháin a bhaineann le pearsanra Seirbhísí Aerthrachta a chur i gcrích; bainistiú a dhéanamh ar an gcóras measúnuithe leighis le haghaidh deimhniú leighis foirne eitilte agus pearsanra seirbhísí aerthrachta; scrúduithe eolais theoiriciúil a fhorbairt agus a bhainistiú agus eagraíochtaí oiliúna cothabhála innealtóireachta áirithe a cheadú.

Tá fás leanúnach ag teacht ar líon na n-iarratas ceadúnaithe pearsanra nua i gcónaí. Tá an fás á thiomáint ag píolótaí aerárthaí. Tar éis tréimhse ina raibh fás láidir ar cheadúnais innealtóireachta, tháinig laghdú beag ar 2024 go príomha mar gheall ar innealtóirí cothabhála a bheith ag fágáil an tionscail agus gan a gceadúnais a athnuachan.



02

Athbhreithniú Oibríochtaí
(ar lean)**Córais Aerárthaí Gan Foireann (UAS)**

Tá breis is 7,500 oibreoir UAS cláraithe le IAA, ar a dtugtar oibreoir dróin go coitianta, agus tá breis is 18,000 deimhniú inniúlachta píolóta UAS eisithe againn. Tá an pobal gníomhach d'oibreoirí UAS cláraithe ag fanacht seasta, is idir 7,000-8,000 oibreoir ar fad atá cláraithe.

Tá IAA ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn Iompair ar Bheartas UAS d'Éirinn. Le déanaí thug foireann na Roinne faoi chomhairliúchán poiblí maidir le beartas UAS, agus déanfaidh IAA gníomh cuí bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin.

Slándáil Eitlíochta

Cinntíonn IAA, an tÚdarás Iomchuí in Éirinn chun críche Rialachán CE 300/2008 (Rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta), ar bhonn leanúnach go bhfuil na ceanglais rialála á gcur chun feidhme ag oibreoirí aerfoirt, aeriompróirí agus eintitis a bhfuil baint acu le slándáil aerfort, aerárthaí agus slabhraí soláthair.

Lean an rialachán maidir leis an tslándáil eitlíochta ar aghaidh go tapa in 2024. Le níos mó ná 300 eintiteas rialáilte, lena n-áirítear eintitis atá bunaithe in Éirinn agus in áiteanna eile, tugadh ceaduithe agus cuireadh cur chuige rioscabhunaithe i leith faireachán ar chomhlíontacht chun feidhme.

Thionscain IAA cur chuige rialála maidir le slándáil lasta a raibh tionchar aige ar fheidhmíocht chomhlíontachta aeriompróirí eachtracha a iompraíonn lasta isteach san AE, nuálaíocht rathúil a úsáidfídh údarais náisiúnta eile le haghaidh slabhraí soláthair.

Chuaigh IAA i gcomhpháirtíocht freisin le hÚdarás Iomchuí eile chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart sa dá dháil, agus trí úsáid a bhaint as sampla atá láidir ó thaobh staidrimh de, shainaithin sé dea-chleachtais a chuirfidh feabhas ar an gcur chun feidhme. Úsáidtear na dea-chleachtais sin freisin sa rannpháirtíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta chun ionchur fianaise-bhunaithe a chur ar fáil do cheapadh rialacha agus d'fhorbairt beartas.

Tá ár ndaoine ríthábhachtach i gcónaí dár gcuid oibre agus cuimsíonn foireann IAA pearsanra deimhnithe le haghaidh maoirseachta slándála eitlíochta a oibríonn go hidirnáisiúnta freisin. Bhí an Roinn Iompair ina habhcóide agus ina comhpháirtí d'obair IAA, go háirithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, ag léiriú cur chuige den chéad scoth do Stáit agus d'údarais eile a mbímid ag obair leo.

Cuireann IAA a shaineolas ar fáil freisin d'fhorbairt acmhainneachta idirnáisiúnta faoi thionscadal CASE II ECAC agus i gcomhréir le gealltanais na hÉireann faoi Phlean Slándála Eitlíochta Domhanda ICAO.



Athruithe Rialála

Tá baint ghníomhach ag IAA i gcónaí le próiseas ceaptha rialacha EASA ar an leibhéal Eorpach agus tá ionadaíocht aige ar Choiste EASA Choimisiún an AE in DG-MOVE, a thagann le chéile chun leasuithe ar Rialacháin Sábháilteachta Eitlíochta nua an AE a dhréachtú agus chun vótáil orthu.

I rith 2024, ghlac IAA páirt i roinnt cruinnithe le Coiste EASA DG-MOVE, a rinne maoirseacht ar roinnt príomhathruithe rialála a thabhairt isteach, lena n-áirítear reachtaíocht nua a bhaineann le haeracmhainneacht aerárthaí, ceadúnú rialtóirí aerthráchta, agus síneadh a chur leis na ceanglais aoise le haghaidh píolótaí atá ag gabháil do Sheirbhísí Leighis Éigeandála Héileacaptair. Rannchuidigh IAA freisin le rialacha nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shonraíochtaí loingseoireachta feidhmíochtbhunaithe (PBN) a thabhairt isteach go sábháilte le haghaidh oibríochtaí aigéanacha, Soghluaisteacht Aeir Nua, agus ceadúnas píolóta gíreitleáin agus rialacha VFR. Thacaigh IAA freisin le forbairt Rialachán an Aontais Eorpaigh agus bhí ról lárnach aige i dTascfhórsa EASA um Cheapadh Rialacha chun Rialachán an AE maidir le Láimhseáil ar an Talamh a fhorbairt ag aeradróm a tugadh isteach in 2024.

Chomh maith leis an obair leanúnach le forbairt Rialachán an AE, thug an IAA roinnt piosaí reachtaíochta náisiúnta isteach freisin chun sábháilteacht eitlíochta a rialáil, lena n-áirítear athbheithniú cuimsitheach ar an Ionstraim Reachtúil maidir le hoibríochtaí aeir in Éirinn. Mar chuid d'fhorbairt na reachtaíochta náisiúnta sin, chuaigh IAA i gcomhairle le raon páirtithe leasmhara i rith 2024, lena n-áirítear an Roinn Iompair, an pobal eitlíochta i gcoitinne, páirtithe leasmhara thionscal na heitlíochta agus an pobal i gcoitinne.

Maidir le slándáil eitlíochta, tacaíonn ionadaithe IAA le meithleacha agus fóraim faoi choimirce ECAC agus CE chun creat rialála slándála eitlíochta an AE agus treoir ghaolmhar maidir le cur chun feidhme a fhorbairt chomh maith le faisnéis a roinnt maidir le measúnuithe riosca slándála.

Leanann IAA de thacaíocht a thabhairt do phainéil agus do mheithleacha ICAO chun tionchar a imirt ar fhorbairt Chaighdeán agus Chleachtais Mholta iomchuí ICAO chomh maith le beartais agus nósanna imeachta gaolmhara ICAO.

02

Athbhreithniú Oibríochtaí
(ar lean)

In 2024, ghlac Éire páirt i gComhdháil Aerloingseoireachta ICAO, agus chuir sí ár saineolas ar fáil do Phainéal Bainistíochta Sábháilteachta ICAO (an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta), do Phainéal Oiliúna agus Ceadúnaithe Pearsanra, do Phainéal Nósanna Imeachta Eitilte agus do roinnt meithleacha lena n-áirítear Grúpa Ceadúnaithe ICAO – Mná agus Mionlaigh, Grúpa Pleanála Chóras an Atlantaigh Thuaidh ICAO, Grúpa Pleanála Chóras Eitlíochta na hEorpa ICAO, Tascfhórsa Comhdhlúthaithe ICAO PBN agus Meitheal Réigiúnach ICAO na hEorpa um Oibríochtaí Aeradróim.

Ceartha Aerphaisinéirí agus Daoine ar Bheagluaineacht

Is é Údarás Eitlíochta na hÉireann an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe le haghaidh dhá Rialachán maidir le Ceartha Aerphaisinéirí:

1. CE261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu,
2. CE1107/2006 maidir le ceartha daoine faoi mhíchumas agus daoine ar bheagluaineacht agus iad ag taisteal ar eitleán.

Ceartha Aerphaisinéirí - Rialachán CE 261/2004

Is é IAA an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe do Rialachán CE 261/2004 ina leagtar amach ceartha Aerphaisinéirí má chuirtear a n-eitilt ar ceal nó má chuirtear moill uirthi, má dhiúltaítear cead bordála dóibh nó má íosghrádaítear iad.

Féadfaidh paisinéirí gearán a chur faoi bhráid an IAA a dhéanfaidh imscrúdú ar chásanna cealaithe eitiltí, moilleanna dhá uair an chloig ar a laghad agus cead bordála nó íosghrádaithe a dhiúltú do gach eitilt de bharr imeacht ó aerfoirt na hÉireann agus d'eitiltí a thagann isteach in aerfoirt na hÉireann ó thíortha nach bhfuil san AE (má oibríonn impróirí atá ceadúnaithe ag an AE iad).



In 2024, láimhseáil an Fhoireann um Chearta Aerphaisinéirí méadú 21% ar fhiosrúcháin paisinéirí i gcomparáid leis an leibhéal in 2023. Baineann go leor fiosrúcháin le comhairle maidir le ceartha aerphaisinéirí agus conas teidlíochtaí a éileamh ó na haerlínte. In 2024, chuir IAA comhairle ar 4,101 duine ar an teiléafón nó trí ríomhphost.

Láimhseáil IAA 4,425 gearán in aghaidh aerlínte in 2024, áiríodh leis sin gearáin a tugadh anonn ó 2023 agus 2,211 gearán a cuireadh isteach in 2024. Bhí laghdú 30% ar an líon gearán a cuireadh isteach in 2024 i gcomparáid le leibhéil ghearán 2023.

Rialachán CE261/2004 - Gearáin a láimhseáladh in 2024

Cineál Gearáin	Líon na nGearán a Láimhseáladh	Líon na nImscrúduithe Críochnaithe	Líon na nGearán ar bhFábhar an Ghearánaigh	% de na Gearáin Iomlána ar Seasadh Leo	Líon na nGearán nár seasadh leo
Cealú	2,072	1,720	973	56%	747
Moill Fhada	2,092	1,748	677	39%	1,071
Paisinéirí Nár Ceadáíodh Dóibh Bordáil	226	178	64	4%	114
Íosghrádú	34	22	11	0.6%	11
Uasghrádú	1	1	1	0.1%	0
Iomlán	4,425	3,669	1,726		1,943

Fuarthas €360,104 san iomlán in aisíocaíochtaí tar éis idirghabháil an IAA agus bronnadh €1,197,230 i gcúiteamh ar phaisinéirí i ndáil leis an 1,726 gearán ar seasadh leo.

Níor seasadh le 1,943 gearán i bhfabhar an ghearánaigh. Ba é an phríomhchúis a bhí leis sin go raibh an t-aeriompróir in ann a chruthú gur imthosca urghnácha ba chúis le suaitheadh agus, dá bhrí sin, go mbeadh sé díolmhaithe ó chúiteamh a íoc.

In 2024, bhí Aer Lingus (33% de na gearáin uile), Ryanair (31%), Emerald Airlines (9%), Air France/KLM (3%) agus Lufthansa (2%) faoi réir fhormhór na ngearán a fuarthas. Bhain an 22% eile de na gearáin le 60 aerlíne eile. Ar an iomlán, tá laghdú 6% tagtha ar ghearáin in aghaidh Aer Lingus bliain i ndiaidh bliana d’ainneoin cur isteach suntasach i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2024 mar gheall ar Ghníomhaíocht Thionsclaíoch as ar eascair cealú os cionn 500 eitilt.

Daoine ar Bheagluaineacht

Tá an IAA tiomanta do sheasamh le cearta paisinéirí a dteastaíonn cúnamh breise uathu agus iad i mbun aerthaistil. Maidir leis sin, tá beartais, pleananna agus gníomhartha an IAA ag teacht lenár n-oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

In 2024, fuair IAA 23 ghearán nua maidir le PRM, 15 ghearán in aghaidh aerlínte agus 8 ghearán in aghaidh aerfort. Thug IAA 19 n-imscrúdú cáis i gcrích in 2024.

I measc na ngearán a rinneadh in 2024 bhí damáiste a rinneadh do chathaoir rothaí paisinéara; moilleanna ar phaisinéirí ag fáil cúnaimh ag an aerfort; an chaoi inar caitheadh le paisinéir ag an scagadh slándála agus paisinéir réamhfhógartha nach bhfuair cúnamh ag an aerfort.

Rinne IAA cigireachtaí comhlíontachta bliantúla maidir le hinrochtaineacht aerfoirt faoi Rialachán (CE) 1107/2006 chun faireachán a dhéanamh ar an gcúnamh a sholáthraíonn aerfoirt do Dhaoine ar Bheagluaineacht agus do Dhaoine Faoi Mhíchumas. Rinneadh cigireacht ar gach aerfort ina raibh gluaiseachtaí tráchtála paisinéirí in 2024. Chuaigh IAA i dteagmháil freisin le Clár Measúnaithe Cáillíochta ECAC i ndáil le Doiciméad 30 Cuid I ECAC.

Rialáil Eacnamaíoch

Tá rannán um Rialáil Eacnamaíoch an IAA freagrach as rialáil eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath agus soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na hÉireann, comhordú sliotán aerfoirt agus cinntí maidir le toilleadh, teorainneacha táillí a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, chomh maith le táillí a bhaineann le rochtain ar shuiteálacha agus le paisinéirí ar bheagluaineacht a fhormheas.

02

Athbhreithniú Oibríochtaí
(ar lean)**Muirearú agus Feidhmíocht Seirbhísí Aerloingseoireachta**

In 2024, tháinig méadú 2,3% ar ghluaiseachtaí IFR En Route (Rialacha Eitilte Ionstraime) ó 664k in 2023, agus tháinig méadú 3,9% go 4,988k ar aonaid seirbhíse En Route.

Bhí AirNav na hÉireann fós ar cheann de na cinn is fearr san Eoraip ó thaobh feidhmíocht chomhshaoil de in 2023 mar a thomhaistear le héifeachtúlacht chothrománach eitilte En Route an ruthaig eitilte iarbhir (KEA). Mar sin féin, cailleadh an sprioc KEA faoi 0.31 pointe céatadáin. Tá sárú na sprice ag baint go páirteach le tabhairt isteach aerspáis saorbhealaigh sa Ríocht Aontaithe, rud ba chúis le roinnt dúshlán. Bhí feidhmíocht acmhainneachta En Route, arna tomhas ag moill ar Bhainistíocht Sreabhadh Aerthráchta (ATFM), láidir freisin in 2024 agus chomhlíon sí an sprioc áitiúil.

Plean Feidhmíochta RP4 2025-2029

I mí Dheireadh Fómhair, d'eisigh IAA an Cinneadh Críochnaitheach i leith Plean Feidhmíochta RP4 le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta in Éirinn. Tháinig an Plean Feidhmíochta nua i bhfeidhm go sealadach ar an 1 Eanáir 2025, go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach measúnú ar chomhsheasmhacht nó ar bhealach eile leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais. Leis an bPlean Feidhmíochta bunaítear spriocanna feidhmíochta nua le haghaidh AirNav na hÉireann, agus leagtar síos na Rátaí Aonaid nua a ghearrfar ar úsáideoirí aerspáis na hÉireann, agus ar úsáideoirí sheirbhísí críochfoirt AirNav na hÉireann ag na trí aerfort stáit.

Rinneadh foráil tríd is tríd sa Dréachtplean Feidhmíochta maidir le Costais Chinntithe agus Rátaí Aonaid méadaithe le linn RP4, mar thoradh ar fheabhsuithe beartaithe acmhainneachta agus sábháilteachta ag AirNav na hÉireann le linn 2025-2029, lena n-áirítear oifigigh rialaithe aerthráchta (ATCONna) bhreise, costais oibriúcháin ghaolmhara, agus infheistíochtaí caipitil lena n-áirítear ollchóiriú mór ar na príomhchórais bainistithe aerthráchta agus ar na príomhchórais teagmhasacha bainistithe aerthráchta (ATM).

Leanann an Dréachtplean Feidhmíochta comhairliúchán agus rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear dhá chomhairliúchán phoiblí agus cruinniú comhairliúcháin reachtúil ar an láthair i mí Lúnasa. Rinneadh na freagraí uile a fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin, lena n-áirítear ceisteanna a pléadh ag an gcruinniú comhairliúcháin, a mheas sa chinneadh maidir leis an bPlean Feidhmíochta.

Ceadaíonn Plean Feidhmíochta sealadach RP4 €1.08 billiún san iomlán, i dtéarmaí ainmniúla, do na 5 bliana 2025-2029, agus baineann thart ar €922m lenár gcostais réamhaisnéise de chuid AirNav na hÉireann, €58m do Rannán Seirbhísí Eitlíochta Met Éireann, agus €97m do Eurocontrol, IAA, agus costais bheartais Stáit. Íocfaidh úsáideoirí seirbhísí En Route agus Críochfoirt as na costais sin le linn na tréimhe.

Is é measúnú tosaigh an Choimisiúin Eorpaigh go bhfuil an dréachtplean feidhmíochta comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith na sábháilteachta, na hacmhainneachta agus na feidhmíochta comhshaoil ach níl treocht an chostais aonaid ag teacht leis an sprioc ghaolmhar. Oibreoidh IAA leis an gCoimisiún agus leis an gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (PRB) chun a chinntiú gur féidir a mheas go bhfuil an plean comhsheasmhach agus go nglacfar leis a luaithe is féidir.

Comhairliúchán Bliantúil ar Mhuirir Aerloingseoireachta

- slándáil bhaill foirne agus shócmhainní IAA, lena n-áirítear córais IAA a chosaint ó ionsaithe cibearshlándála.

Déantar rioscaí agus éiginnteachtaí a mheas ar bhonn leanúnach agus tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun déileáil leo seo agus leis na rioscaí eile nach mór do IAA déileáil leo. Leagtar amach sa rannóg rialachais chorparáidigh de tuairisc seo na stiúrthóirí, ar leathanaigh 4 - 13 den tuairisc seo, beartais agus cur chuige IAA i ndáil leis na rioscaí agus leis na nósanna imeachta agus freagrachtaí rialála inmheánacha.

Staid Airgeadais

Leagtar amach sonraí faoi thorthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain sa chuntas brabúis agus cailteanais ar leathanach 19 agus sna nótaí gaolmhara. Mar atá mínithe ansin, bhí an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh cánachais cothrom le €1.9 milliún (2023: €0.7 milliún) ar láimhdeachas de €37.4 milliún (2023: €91 milliún). I rith na bliana, mhol an Bord gur cheart don Chuideachta díbhinn €Nialas a dhearbhu don bhliain fhioscach 2023 (2023: €5.3 milliún le haghaidh 2022 fioscach.)

Príomhtháscairí feidhmíochta

Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar a feidhmíocht bunaithe ar anailís ar a príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais. Cuimsítear sna príomhtháscairí feidhmíochta, ar féidir iad a thomhas i ndearbhthéarmaí, i gcomparáid le haon mhéadú incriminteach, nó i gcomparáid le torthaí piarghrúpa:

- Brabús oibriúcháin;
- Brabús i ndiaidh cánach; agus
- Sreafaí airgid

Tá na stiúrthóirí sásta le torthaí na bpríomhtháscairí feidhmíochta seo i rith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na stiúrthóirí atá ag feidhmiú faoi láthair leagtha amach ar leathanach 4. D'fheidhmigh na stiúrthóirí uile don bhliain iomlán, seachas an tUas. Colum Hanifan a ceapadh ar an 29 Bealtaine 2024.

Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí agus ag an rúnaí a bhí i seilbh oifige ag an 31 Nollaig 2024 i scaireanna IAA ag tús na bliana, nó ag a ndáta ceapacháin (má bhí sé ina dhiaidh sin), ná ag deireadh na bliana.

Rialachas

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus is féidir a chinntiú. Don bhliain atá

á hathbhreithniú, chomhlíon IAA an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a eisíodh i mí Lúnasa 2016. Bhunaigh IAA bearta oiriúnacha chun an Cód seo a chomhlíonadh agus déanann sé athbhreithniú leanúnach ar a bheartais agus nósanna imeachta chun comhlíontacht leanúnach a chinntiú.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá baill an Bhoird freagrach as bainistíocht chuí IAA. Déanann siad mórchinntí straitéiseacha agus tá siad freagrach as rialú iomlán agus éifeachtach, agus tugtar dóthain solúbthachta don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bainistíochta shinsearach chun an gnó a reáchtáil go héifeachtúil agus go héifeachtach laistigh de chreat tuairiscithe struchtúrtha.

Tá ábhair áirithe forchoimeáda ag an mBord lena athbhreithniú, lena n-áirítear formheas na ráiteas airgeadais bliantúil agus leathbhliana; buiséid; an plean corparáideach; cuntais bhainistíochta; conarthaí suntasacha; caiteachas caipitiúil suntasach agus ceapacháin ardbhainistíochta.

Ceapacháin chuig an mBord

Tá naonúr stiúrthóirí i measc bhaill an Bhoird. Is fir iad 56% agus is mná iad 44% de bhaill an Bhoird. Bíonn na stiúrthóirí i mbun oifige le haghaidh cibé téarma a shonraíonn an tAire nuair a dhéantar an ceapachán, ach ní le haghaidh tréimhse níos faide ná ceithre bliana, mura n-athcheapann an tAire é nó í ina dhiaidh sin.

Dáta an cheapacháin (*nó dáta an athcheapacháin)

Rose Hynes, Cathaoirleach	2 Márta 2023*
Declan Fitzpatrick, Príomhfheidhmeannach	19 Deireadh Fómhair 2022
Gerry Lumsden	3 Nollaig 2022*
Joan McGrath	3 Nollaig 2022*
Dermot Griffin	13 Aibreán 2023
Patrick Knight	13 Aibreán 2023
Ann McGarry	1 Bealtaine 2023
Nóirín O'Sullivan	1 Bealtaine 2023
Colum Hanifan	29 Bealtaine 2024

Glacann stiúrthóirí nua, nuair a cheaptar iad, páirt i gcúrsa ionductaithe, tráth a roinntear faisnéis airgeadais agus faisnéis eile leo maidir le IAA agus ról bhaill an bhoird agus na gcoistí boird. San áireamh sa phróiseas seo de ghnáth bíonn cruinnithe le príomhfheidhmeannaigh shinsearacha.

Éifeachtacht an Bhoird

Gníomhaíonn baill an Bhoird ar son leas is fearr na Cuideachta agus féachann siad go cuí ar a freagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí atá sonraithe ag an scairshleabhóir. Treoraíonn an Cathaoirleach baill an Bhoird

Ráiteas rialachais agus tuairisc na stiúrthóirí (ar lean)

chun cinneadh a dhéanamh maidir lena straitéis agus chun a chuspóirí a chomhlíonadh. Is é an Cathaoirleach a chinneann clár oibre an Bhoird, a chinntíonn a éifeachtacht agus a éascaíonn ionchur éifeachtach gach stiúrthóra. Baintear tairbhe as scileanna, saineolas agus eispéireas sonrach bhaill an Bhoird trí na tacaí scileanna seo a mheaitseáil le breithníú bhaill an Bhoird ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibríochtúla, sa chás go n-úsáideann baill Bhoird aonair a n-inniúlachtaí sonracha, agus trí iad a mheaitseáil freisin le ceanglais gach coiste Boid agus an cinneadh maidir le ballraíocht na gcoistí sin.

Déanann an Cathaoirleach agus an fhoireann bainistíochta cumarsáid éifeachtach leis an scairshealbhóir. Is ról ar leithligh iad ról an Chathaoirleach agus an Phríomhfheidhmeannach agus tá siad leagtha amach i mbeartas atá ceadaithe ag baill an Bhoird. Tá na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar fad ag feidhmiú go neamhspleách ar an bhfoireann bainistíochta. Is é nós bhaill an Bhoird bualadh lena chéile nuair nach mbíonn na baill Bhoird feidhmiúcháin i láthair.

I rith a dtréimhse in oifig, cuirtear faisnéis ar fáil go rialta do na stiúrthóirí maidir le gach gné den ghnó. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord, thar ceann na foirne bainistíochta, maidir le mórathruithe ar an ngnó agus ar an timpeallacht sheachtrach a bhfuil tionchar acu ar rioscaí suntasacha. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil ar fáil do bhaill an Bhoird lena n-áirítear anailís ar fheidhmíocht airgeadais iarbhir i gcomparáid leis an mbuiséad. Dáiltear tuarascálacha agus páipéir ar bhaill an Bhoird agus ar a choistí ar bhonn tráthúil.

Cheadaigh baill an Bhoird cód iompair do bhaill an Bhoird agus d'fhostaithe IAA, agus tá sé seo le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Chomh maith leis sin, tá beartas coinbhleachta leasa bunaithe ag baill an Bhoird agus breithnítear coinbhleachtaí leasa iarbhir agus féideartha ar bhonn leanúnach.

Teacht ar chomhairle ghairmiúil

Tá rochtain ag na baill Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí rúnaí na Cuideachta atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird, agus le rialacha agus le rialacháin infheidhme. Tá comhairleoirí gairmiúla IAA ar fáil chun críche comhairliúcháin leis na stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair glacadh le comhairle ghairmiúil neamhspleách, más gá, ar chostas IAA. Ní raibh aon chomhairle ghairmiúil den sórt sin á lorg ag stiúrthóirí aonair i rith na bliana. Ba í an t-aon chomhairle ghairmiúil a lorgaíodh i rith na bliana ná tacaíocht a thabhairt don Bhord le linn dóibh a ndualgais mar stiúrthóirí a chomhlíonadh.

Meastóireacht feidhmíochta

Rinne an Bord meastóireacht neamhspleách sheachtrach ar a fheidhmíocht i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024. Bhí na torthaí i rith an tsuirbhé an-láidir don Bhord agus thug siad faoi deara go bhfuil maoirseacht déanta ag an mBord ar ualach oibre eisceachtúil maidir leis an scaradh agus cumasc a tharla, agus bunú eintitis nua go héifeachtach. Mar gheall ar

an bpróiseas sin, bhí gá le struchtúir, próisis agus nósanna imeachta nua a chur i bhfeidhm chomh maith le córais rialachais chun tacú le ceannaireacht agus treo an IAA amach anseo. Tugadh le fios sa tuairisc gur léirigh Bord IAA ceannaireacht láidir agus go bhfuil go leor gnéithe de dhea-chleachtas rialachais chorparáidigh i bhfeidhm.

Coistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach coiste ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. San áireamh sna coistí Boid tá:

- 1 Iniúchadh, riosca agus airgeadas
- 2 Acmhainní daonna agus luach saothair
- 3 Sábháilteacht agus maoirseacht slándála
- 4 Comhshaol

An coiste iniúchta, riosca agus airgeadais

Feidhmíonn an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais de réir téarmaí tagartha foirmiúla, a ndearnadh athbhreithniú orthu i rith na bliana. Reáchtáil an coiste ocht gchruinniú i rith 2024 (2023: sé chruinniú). Ba í Joan McGrath Uasal a bhí ina cathaoirleach ar an gcoiste. I measc na gcomhaltaí den Choiste tá an tUasal Dermot Griffin agus an tUasal Patrick Knight.

Ceaptar baill den choiste iniúchta, riosca agus airgeadais i gcomhair téarma sonrach. Tá téarmaí a ritheann chomh fada leis an 8 Bealtaine 2026 ag na triúr ball den choiste. Roimh a gceapachán, déanann Cathaoirleach an Bhoird cuntas ar a n-eispéireas, cáilíochtaí agus réimsí spéise nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu iad a mholadh mar bhaill den choiste sin. Chinntigh baill an Bhoird, eatarthu ar fad, go bhfuil taithí ag baill an choiste ar rialachas, iniúchadh inmheánach, timpeallacht na hearnála poiblí agus an tionscail eitlíochta, taithí airgeadais le déanaí agus taithí ar mheasúnú riosca agus ar réimsí teicniúla/sainréimsí.

De ghnáth, freastalaíonn an stiúrthóir airgeadais, an t-iniúcháir inmheánach agus ionadaithe ó aonaid dhifriúla IAA cosúil le hoibríochtaí, rialáil sábháilteachta, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, le cuireadh, de réir mar is cuí, ar chruinnithe. Tuairiscíonn an t-iniúcháir inmheánach go díreach don choiste iniúchta, riosca agus airgeadais.

D'fhéadfadh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ní a bhaineann le gnóthaí IAA, seachas nithe maoirseachta sábháilteachta agus slándála atá forchoimeáda don Bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúcháir inmheánaigh, ar thuarascálacha an iniúcháir sheachtraigh, ar na beartais chuntasaíochta, ar athruithe atá beartaithe ar bheartais chuntasaíochta, ar chomhlíonadh caighdeán cuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta mór-idirbheart.

Ráiteas rialachais agus tuairisc na stiúrthóirí (ar lean)

D'fhéadfadh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ní a bhaineann le bainistíocht airgeadais IAA. Déanann sé athbhreithniú ar bhuiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin agus, de réir mar is gá, an beartas cistíochta, socruithe baincúireachta agus maoinithe.

Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe IAA agus breithníonn sé an méid seo a leanas:

- na hacmhainní agus comhordú na ndaoine a bhfuil baint acu le sainaitheint, measúnú agus bainistiú rioscaí suntasacha a bhfuil ar IAA déileáil leo;
- freagairt do na rioscaí suntasacha atá sainaitheanta ag an bhfoireann bainistíochta agus ag daoine eile;
- monatóireacht ar thuarascálacha a chuireann an fhoireann bainistíochta ar fáil;
- cothabháil timpeallacht rialaithe atá dírithe ar bhainistíocht cheart riosca;
- nósanna imeachta tuairiscithe bliantúla.

Buaileann an t-iniúcháir seachtrach leis an gcoiste chun torthaí an iniúchta bhliantúil ar na ráitis airgeadais a phlé. Tá nósanna imeachta bunaithe chun a chinntiú go bhfuil caidreamh cuí bunaithe leis an iniúcháir seachtrach. Tá eolas maidir leis na táillí seo le fáil i nóta 6 de na ráitis airgeadais. Ní sholáthraíonn Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste seirbhísí neamhiniúchta.

I rith na bliana, chuir an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht i gcrích. Tuairiscíonn an coiste don Bhord, go bliantúil agus go ráithiúil, nó níos minice ná sin más gá.

I rith 2024, chuir an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais an méid seo a leanas i gcrích:

- rinneadh athbhreithniú ar na dréachtráitis bhliantúla airgeadais sula moladh iad don Bhord chun iad a cheadú;
- breithníodh tuarascáil ón iniúcháir seachtrach maidir leis an iniúchadh a rinne sé ar na ráitis airgeadais bhliantúla;
- glacadh le tuarascálacha agus breithníodh iad maidir le nósanna imeachta um bhainistiú riosca;
- athbhreithníodh agus moladh don Bhord clár rioscaí corparáideacha 2024-2025 lena n-áirítear na príomhrioscaí don ghnó agus breithníodh ar leordhóthanacht an chórais sainaitheanta agus measúnaithe riosca;
- athbhreithníodh agus breithníodh tuarascálacha ón iniúcháir inmheánach maidir le héifeachtacht na gcóras airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus na bpróiseas bainistíochta riosca;
- athbhreithníodh an obair a rinne an fheidhm iniúchta inmheánaigh i rith na bliana agus thángthas ar chomhaontú maidir le plean iniúchta inmheánaigh i gcomhair 2025;
- meastóireacht ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh; athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta mhíosúla;

- fuarthas agus breithníodh tuarascálacha agus cuir i láthair ó fhoireann bainistíochta IAA maidir le próisis rialaithe inmheánacha ábhartha;
- athbhreithníodh an beartas agus an próiseas atá i bhfeidhm i ndáil le ráiteas comhlíontachta na stiúrthóirí;
- athbhreithníodh comhlíonadh maidir le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016;
- breithníodh an tionchar atá ag ceanglais nochta anois agus an tionchar a bheidh acu amach anseo;
- athbhreithníodh a théarmaí tagartha féin.

Ar an gcéad dul síos, is dírithe ar na scairshealbhóirí atá an tuairisc seo, agus leagtar amach go soiléir anseo go bhfuil athbhreithniú inmheánach déanta ar struchtúr Coiste an bhoird.

An coiste acmhainní daonna agus luach saothair

Feidhmíonn an coiste acmhainní daonna agus luach saothair de réir na dtéarmaí tagartha foirmiúla. Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire le linn na bliana (2023: *uair amháin*). Is é an tUasal Patrick Knight atá i mbun cathaoirleachta ar an gCoiste. I measc chomhaltaí an Choiste tá Rose Hynes, Uasal agus an tUasal Gerry Lumsden.

Is é ról an choiste breithniú a dhéanamh ar luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomhthéacs bheartas an Rialtais agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus breithniú a dhéanamh ar bheartas luacha saothair na foirne bainistíochta sinsearaí go ginearálta agus forbairtí ar acmhainní daonna in IAA. Chomh maith leis sin, tá ról ag an gcoiste i ndáil le ceapacháin na foirne bainistíochta sinsearaí. Tuairiscíonn baill an choiste don Bhord i ndiaidh a chuid cruinnithe.

An coiste um maoirseacht sábháilteachta agus slándála

Feidhmíonn an coiste um maoirseacht sábháilteachta agus slándála de réir téarmaí tagartha foirmiúla agus reáchtáil sé trí chruinniú i rith na bliana (2023: *trí chruinniú*). Is é an tUasal Gerry Lumsden atá i mbun cathaoirleachta ar an gCoiste. I measc chomhaltaí an Choiste tá an Dr. Ann Mc Garry, Nóirín O'Sullivan, Uasal agus an tUasal Colum Hanifan.

Tuairiscíonn baill an choiste don Bhord i ndiaidh a gcuid cruinnithe.

An coiste comhshaoil

Bunaíodh an coiste comhshaoil i mí Bealtaine 2023 agus tá sé ag feidhmiú de réir na dtéarmaí tagartha foirmiúla agus bhuail baill an choiste le chéile faoi dhó (2023: *uair amháin*) i rith na bliana. Bunaíodh an coiste chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chreata um Ghníomhú ar son na hAeráide do Chomhlachtaí Leathstáit ag IAA. Is í Noirín O'Sullivan, Uasal, atá i mbun cathaoirleachta ar an gCoiste. Is baill den choiste seo iad an Dr Ann McGarry, an tUasal Dermot Griffin agus an tUasal Colum Hanifan.

Ráiteas rialachais agus tuairisc na stiúrthóirí (ar lean)

Breithníonn baill an choiste straitéis IAA chomh fada is a bhaineann le ceisteanna comhshaoil. Tuairiscíonn sé don Bhord i ndiaidh a gcuid cruinnithe.

Tinreamh ag Cruinnithe boird agus coiste

Reáchtáiltear cruinnithe rialta den Bhord agus dá choistí i rith na bliana. Reáchtáil baill an Bhoird 8 gcuinniú in 2024. Tá sonraí maidir le tinreamh ag na cruinnithe seo agus ag cruinnithe coiste le fáil thíos:

Líon na gcuinnithe ar freastalaíodh orthu/Líon na gcuinnithe incháilithe

Stiúrthóir	Bord	Iniúchadh, riosca agus airgeadas	Acmhainní daonna agus luach saothair	Maoirseacht	Comhshaoil
				sábháilteachta agus slándála	
Rose Hynes	8/8	-	4/4	-	1/2
Declan Fitzpatrick	8/8	8/8*	4/4*	6/6*	2/2*
Gerry Lumsden	8/8	-	4/4	6/6	-
Joan McGrath	8/8	8/8	-	-	-
Ann McGarry	8/8	-	-	6/6	2/2
Nóirín O'Sullivan	8/8	-	-	5/6	2/2
Dermot Griffin	8/8	8/8	-	-	2/2
Patrick Knight	8/8	8/8	4/4	-	-
Colum Hanifan	3/3	-	-	1/1	1/1

*Tinreamh ag cruinnithe fochoiste sa chás nach buanbhall den choiste é an stiúrthóir.

Luach saothair na Stiúrthóirí

Tá na táillí a fhaigheann stiúrthóirí á gcinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Cheadaigh an tAire lompair luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ag a bhfuil conradh seirbhíse, agus cuireadh é sin in iúl don bhord stiúrthóirí. Tá na nochtaí a dhéantar sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le táillí stiúrthóirí agus luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach i nóta 6 agus is ionann iad agus na nochtaí a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Nochtaí arna gceangal ag an gcód

Tuigean baill an Bhoird go bhfuil siad freagrach as ullmhú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais agus as a chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Cuideachta ag deireadh na bliana. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go rialta don Aire lompair maidir le gach forbairt, idir oibríochtúil, airgeadas agus tráchtáil, a bhfuil tionchar acu ar IAA.

Foráiltear i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 d'fhaisnéis airgeadais shonrach a bheith á nochtadh. Sonraítear an fhaisnéis seo go réasúnach i ngach cás ábhartha.

	2024 €0,000	2023 €0,000
<i>Taisteal agus cothú</i>		
Taisteal agus cothú baile		
– Bord	1	7
– Fostaithe	278	393
Taisteal agus cothú idirnáisiúnta		
– Bord	-	-
– Fostaithe	1,238	1,700
Iomlán	1,517	2,100

Ráiteas rialachais agus tuairisc na stiúrthóirí (ar lean)

Nochtaí arna gceangal ag an gcód (ar lean)

	2024 €0,000	2023 €0,000
<i>Leas foirne agus fáilteachas</i>		
Bainteach le Foireann	82	66
Bainteach le Cliant	1	8
Iomlán	83	74
	2024 €0,000	2023 €0,000
<i>Costais sainchomhairleoireachta</i>		
Comhairle achtúireach agus comhairle pinsin eile	245	289
Comhairle theicniúil, Acmhainní Daonna agus Airgeadais	876	1,149
Comhairle dhlíthiúil	197	120
Iomlán	1,318	1,558

San áireamh sna costais sainchomhairleoireachta tá costas na comhairle seachtraí a cuireadh ar fáil don fhoireann bainistíochta a chuireann le cinnteoireacht nó ceapadh beartais agus nach n-áirítear ann feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’.

	2024 €0,000	2023 €0,000
<i>Costais dlí agus socruithe</i>		
Costais dlí	1,558	1,101
Socraíochtaí	-	487
Iomlán	1,558	1,588

Líon na gcásanna dlí: 8* (2023: 12)

Cuimsítear i líon na gcásanna dlí cásanna a rabhthas ag obair orthu ag tús na bliana agus cásanna ar cuireadh tús leo i rith na bliana.

*San áireamh anseo tá cás amháin a bhaineann le comhlacht Stáit eile: DAA CPT. in aghaidh IAA. Uimh. Thaifid 2024/82 MCA na hArd-Chúirte.

I mí Iúil 2024, cuireadh tús le roinnt imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in aghaidh IAA i ndáil le Dearbhú na bParaiméadar Comhordúcháin Sliotán le haghaidh gheimhreadh 2024. Cuireadh tús le sraith eile d’Athbhreithnithe Breithiúnacha i mí Dheireadh Fómhair 2024 i ndáil le Cinneadh Shamhradh 2025. Chuir an Ard-Chúirt an t-ábhar faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a thabharfaidh an cás isteach in 2025/2026.

Chuir daa cpt tús le hachomharc Ard-Chúirte in aghaidh an tríú cinneadh athbhreithnithe ón gCoimisiún in 2022 i ndáil le cinneadh 2019 maidir le muirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí sé le héisteacht i mí Eanáir 2025 ach socraíodh é i mí na Nollag 2024 gan aon ordú.

Socraíodh cinneadh na gcostas dlíthiúil i leith cás clúmhillte leagáide ó 2014 i mí Feabhra 2025 ar shuim €407,486 tar éis Chinneadh na Cúirte Uachtaraí.

Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Féach ar nóta 3 chun teacht ar bhreis sonraí.

Ráiteas um Chomhlíonadh

Ghlac an Bord le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus tá nósanna imeachta bunaithe d’fhonn a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Bhí Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh go hiomlán ag IAA i rith 2024.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

In 2024, níor cuireadh aon tuarascáil inmheánach faoi bhráid IAA. Cuireadh 12 tuarascáil sheachtracha faoi bhráid IAA, cuireadh clabhsúr le 7 gcinn díobh i rith na bliana, tá coinne leis go ndúnfar 3 cinn díobh sa chéad ráithe de 2025 táthar fós ag obair ar 2 tuarascáil.

Ráiteas rialachais agus tuairisc na stiúrthóirí (ar lean)

Gnóthas leantach

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú sna blianta beaga amach romhainn agus a hoibleagáidí leanúnacha a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad dlite i gcomhair tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta a gceadaítear na ráitis airgeadais seo agus, dá réir sin, go bhfuil sé oiriúnach leanúint ar aghaidh ar bhonn an ghnóthais leantaigh nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Déantar tuilleadh breithnithe ar mheasúnú an ghnóthais leantaigh i nóta 1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil ceanglais Alt 281 go dtí Alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, comhlíonta acu maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil trí phearsanra cuntasíochta a fhostú a bhfuil saineolas cuí acu agus trí acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Tá taifid chuntasaíochta na Cuideachta á gcoimeád i bhFoirgneamh 'The Times', 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

Faisnéis iniúchta ábhartha

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach curtha i gcrích acu chun eolas a fháil faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus tá sé bunaithe acu go bhfuil iniúcháir reachtúla na Cuideachta airdeallach ar an bhfaisnéis sin.

Ar feadh a bhfuil ar eolas acu, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúcháirí reachtúla na Cuideachta airdeallach uirthi.

Ráiteas comhlíontachta na Stiúrthóirí

Admhaíonn na stiúrthóirí, de réir Alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, go bhfuil siad freagrach as comhlíontacht na Cuideachta le hoibleagáidí áirithe sonraithe san alt a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí, 2014 agus dlíthe cánach ('oibleagáidí ábhartha') a chomhlíonadh. Deimhníonn na stiúrthóirí an méid seo a leanas:

- tá ráiteas beartais comhlíontachta curtha i dtoll a chéile ina leagtar amach beartais na Cuideachta a bhaineann lena leithéid de chomhlíontacht;
- tá socruithe agus struchtúir oiriúnacha bunaithe atá, dar leo, deartha chun comhlíontacht ábhartha le hoibleagáidí ábhartha na Cuideachta a chinntiú; agus
- tá athbhreithniú déanta, i rith na bliana airgeadais, ar na socruithe agus ar na struchtúir atá bunaithe chun comhlíontacht na Cuideachta lena hoibleagáidí ábhartha a chinntiú.

Íoc pras cuntas

Tá ceanglais na reachtaíochta ábhartha maidir le hÍoc pras á gcomhlíonadh ag IAA. Chomh maith leis sin, tá Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012), á gcomhlíonadh ag IAA.

Tá téarmaí caighdeánacha creidmheasa IAA, mura sonraítear a mhalairt i socruithe conarthacha sonracha, cothrom le 30 lá ón uair a nglactar leis an sonrasc, nó deimhniú maidir le glacadh leis na hearraí nó seirbhísí a fháil, atá faoi réir íocaíochta. I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024 rinneadh formhór na n-íocaíochtaí ar fad laistigh den tréimhse chreidmheasa chuí. Déanann IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú leis an méid ama a thógann sé déileáil le fiosrúcháin faoi shonraisc agus a leithéid d'fhiosrúcháin a réiteach a íoslaghdú. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta, seachas dearbhú daingean, i gcoinne neamhchomhlíontachta ábhartha leis na rialacháin.

Síntiús Pholaitiúla

Níor thug an Chuideachta aon síntiús polaitiúil i rith na bliana a cheanglódh a leithéid a nochtadh faoi Acht Toghcháin, 1997.


Iniúcháir

Leanfaidh an t-iniúcháir, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, ar aghaidh ag feidhmiú mar iniúcháir de bharr alt 30 d'Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, arna leasú.

Thar ceann an bhoird



Rose Hynes
Cathaoirleach



Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

16 Aibreán 2025

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

An scóip freagrachta

Is ar an mBord atá an fhreagracht i ndeireadh na dála as córas de rialú inmheánach na Cuideachta agus as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais sin.

Aidhm an chórais rialaithe inmheánaigh

San áireamh sa chóras de rialú inmheánach tá na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnach a sholáthar maidir le sócmhainní a chosaint i gcoinne caillteanais, cothabháil taifead cuntasáíochta ceart agus faisnéis airgeadais iontaofa le húsáid laistigh den ghnó nó le foilsiú, agus comhlíontacht le dlíthe agus rialacháin ábhartha.

Bainistíocht riosca

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as cur chuige na Cuideachta maidir le riosca. Ceadáíonn sé an creat bainistíochta riosca agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtacht tríd an gcoiste iniúchta, riosca agus airgeadais agus go díreach tríd an mBord. Tá próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha a bhfuil ar IAA déileáil leo a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann baill an Bhoird athbhreithniú ar an bpróiseas seo go rialta agus tá sé bunaithe don bhliain atá á hathbhreithniú agus suas go dtí dáta ceadaithe na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Tá an fhoireann bainistíochta freagrach as sainaithint agus meastóireacht rioscaí gnó suntasacha agus as dearadh agus oibriú na rialuithe inmheánacha oiriúnacha. Déantar measúnú ar na rioscaí seo ar bhonn leanúnach. Tuairiscíonn an fhoireann bainistíochta don Bhord go rialta maidir leis na príomhrioscaí a bhaineann leis an ngnó agus maidir leis an tsí a mbainistítear na rioscaí seo.

Tá an próiseas bainistíochta riosca á éascú ag iniúchadh inmheánach, a sholáthraíonn dearbhú maidir le hoibriú agus bailíocht an chórais de rialú inmheánach. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar an bpróiseas bainistíochta riosca le linn R3 2024. Coinnítear súil ghéar ar gach gníomh ceartaitheach pleanáilte chun a chinntiú go gcuirtear iad i gcrích go tráthúil.

Déanann an bhainistíocht athbhreithniú ar rioscaí ar bhonn ráithiúil agus tuairiscíonn sí ar a hathbhreithniú ar rioscaí, agus conas a bhainistítear iad, don choiste iniúchta, riosca agus airgeadais, arb é an ról atá aige, athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an Bhoird, ar phríomhrioscaí, seachas maoirseacht sábháilteachta agus slándála, a bhaineann leis an ngnó agus leis an gcóras rialaithe atá riachtanach chun a leithéid de rioscaí a bhainistiú, agus chun a dtorthaí a chur faoi bhráid an Bhoird. Déanann iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta sainaitheanta riosca agus próisis rialaithe atá curtha chun feidhme ag an bhfoireann bainistíochta, agus tuairiscíonn sé don choiste iniúchta, riosca agus airgeadais. Déanann an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhaithe d'fhonn a chinntiú go n-úsáidtear meascán oiriúnach teicnící chun an leibhéal dearbhaithe a theastaíonn ón mBord a chinntiú.

Cuireann an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais a thorthaí faoi bhráid an Bhoird ar bhonn bliantúil agus ar bhonn ráithiúil, nó níos minice ná sin, más gá.

An acmhainn chun déileáil le riosca

Tá an córas de rialú inmheánach deartha chun an riosca go dteipfeá ar chuspóirí gnó a bhainistiú seachas deireadh a chur leis an riosca sin, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú daingean, a sholáthar i gcoinne míráitis nó caillteanais ábhartha.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá athbhreithniú déanta ag baill an Bhoird, cibé acu go díreach nó tríd an gcoiste iniúchta, riosca agus airgeadais, ar éifeachtacht na gcóras de rialú inmheánach lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an 20 Feabhra 2025 agus tá sé éifeachtach go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

An creat riosca agus rialaithe

Tá creat rialaithe inmheánaigh láidir bunaithe ag IAA a bhfuil an méid seo a leanas san áireamh ann:

- coistí boird a bhfuil téarmaí tagartha soiléire acu;
- sceideal nithe atá forchoimeáda don Bhord;
- cód iompair, ceadaithe ag an mBord, ina bhfuil treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad;
- struchtúr eagrúcháin soiléir ina bhfuil dualgais agus teorainneacha údaráis á ndeighilt go cuí;
- freagrachtaí soiléire agus baill foirne chuícháilithe i mbun na ndualgas seo;
- creat bainistíochta riosca chorpáraidigh;
- teorainneacha agus nósanna imeachta soiléire maidir le caiteachas airgeadais lena n-áirítear caiteachas soláthair agus caipitil;
- cloí, de réir mar is cuí, le gnéithe ábhartha de na Treoirínte Bonneagair;
- córas cuimsitheach de thuirisciú airgeadais, cuntasáíocht, bainistiú cistíochta agus breithmheas tionscadail;
- córais bhuiséadaithe cuimsitheacha le buiséid bhliantúla á gceadú ag an mBord;
- próiseas pleanála cuimsithí a sholáthraíonn plean gnó trí bliana, athbhreithnithe ag an scairshealbhóir agus ceadaithe ag an mBord;
- monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht iarbhrí i gcomparáid le buiséid agus neamhréireanna a thuirisciú don Bhord ar bhonn míosúil;
- feidhm iniúchta inmheánaí a dhéanann athbhreithniú ar phríomhchórais agus rialuithe airgeadais agus oibríochtaí ginearálta agus a dhéanann moltaí, más cuí;

Ráiteas ar rialú inmheánach (ar lean)

- coiste iniúchta, riosca agus airgeadais a cheadaíonn pleananna iniúchta agus a dhéileáil le saincheistanna rialaithe suntasacha a dtarraingítear aird orthu san iniúchadh inmheánach nó seachtrach agus ina n-athbhreithnítear agus ina moltar na ráitis airgeadais deireadh bliana atá le ceadú ag an mBord;
- beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le tuairisciú agus réiteach gníomhaíochtaí calaoiseacha amhrasta;
- córais atá i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint;
- córais atá i bhfeidhm chun slándáil chórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide IAA a chinntiú.

Soláthar

Tá gnásanna i bhfeidhm ag IAA chun a chinntiú go bhfuil sé i gcomhréir leis na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair. Tuairiscíonn IAA neamhchomhlíonadh dar luach €826k le haghaidh 2024. Bhain formhór an chaiteachais leagáide neamhchomhlíontaigh le conarthaí soláthraí a bhí bunaithe roimh an dáta dílisithe. Ceanglaíodh ar IAA leanúint de na seirbhísí sin a úsáid agus íoc astu go dtí go bhféadfaí an próiseas soláthair riachtanach le haghaidh conarthaí athsholáthair a chur i gcrích Rinneadh an-obair i rith na bliana chun na conarthaí sin a thabhairt chun rialtacht. Tá próisis soláthair curtha i gcrích le haghaidh €588k de na neamhchomhlíontachtaí agus tá an chuid eile faoi athbhreithniú faoi láthair agus tá gníomh le déanamh ina leith in am trátha.

Tionscadal Digitithe

Chuir IAA tús le tionscadal fairsing digitithe in 2019. Leanann an tionscadal ar aghaidh le modúil nua a bhaineann le cearta aerphaisinéirí, íocaíochtaí ceadúnais agus iarratais Chuid 66 EASA curtha i gcrích in 2024. In 2025, soláthrófar modúil clárúcháin agus aeracmhainneachta aerárthaigh le modúil bhreise lena sheachadadh ina dhiaidh sin. Coinníonn IAA dianrialú costais ar an tionscadal, agus tá rannpháirtíocht ar siúl leis an soláthraí seirbhíse chun na modúil atá fágtha a sholáthar. Is mír sheasta é seo ar chlár oibre an Bhoird ionas gur féidir leo monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Tá roinnt modúil beo cheana féin agus go dtí seo tá €2.9 milliún in íocaíochtaí custaiméirí ar líne próiseáilte ag an gcóras. Mar shampla, cruthaíodh 74,000 cuntas agus bhain 64,000 úsáideoir cláraithe úsáid as an gcóras chun íoc as cineálacha éagsúla ceadúnas nó deimhnithe eitlíochta. Tagann na húsáideoirí seo ó 105 tír éagsúil. Rinneadh 83,789 iarratas a phróiseáil sa chóras, eisíodh 35,000 deimhniú/ceadúnas a síníodh go digiteach agus láimhseáil sé 715,797 teachtaireacht chomhfhreagrais go dtí seo.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Rinne iniúchadh inmheánach athbhreithniú ar na rialuithe seo i rith na bliana mar chuid dá chlár oibre bliantúil. Tuairiscíonn iniúchadh inmheánach don choiste iniúchta, riosca agus airgeadais go díreach maidir le hoibriú rialuithe inmheánacha, seachas rialuithe maoirseachta sábháilteachta agus slándála atá forchoimeáda don Bhord, agus déantar moltaí maidir le feabhsuithe, más cuí.

Deimhníonn an Bord, le haghaidh 2024, agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais, go bhfuil próiseas ann chun rioscaí a aithint agus a bhainistiú agus go bhfuil córas iomchuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus gur oibrigh na córais sin go héifeachtach i rith na bliana. Níor aithníodh aon laigí ná calaoisí ábhartha le linn an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.



Rose Hynes
Cathaoirleach

16 Aibreán 2025

Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí

maidir le tuairisc na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuairisc na stiúrthóirí agus as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán infheidhme.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí agus Alt 30 d'Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, ("Acht 1993") ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoi dlí sin, roghnaigh siad ráitis airgeadais na Cuideachta a ullmhú de réir FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* mar a chuirtear i bhfeidhm é de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní cheadaítear do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta agus ar bhrabús nó caillteanas na Cuideachta don bhliain sin. Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus stuama;
- a shonrú cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha arna nochtadh agus arna mhíniú sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chearta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil Acht na gCuideachtaí 2014 agus Acht 1993 á gcomhlíonadh ag ráitis airgeadais na Cuideachta. Tá freagracht ghinearálta orthu as a leithéid de chéimeanna atá réasúnta a dhéanamh chun sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Chomh maith leis sin, tá na stiúrthóirí freagrach as tuairisc stiúrthóirí a ullmhú a bhfuil ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Acht 1993 á gcomhlíonadh aici.


Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Maidir le reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh Ráiteas Airgeadais, seans nach ionann í agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird



Rose Hynes
Cathaoirleach

16 Aibreán 2025



Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 30 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, mar a leasaíodh. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas ar bhrabús agus cailteanas, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas ar athruithe ar chothromas, an ráiteas ar shreafaí airgid thirim agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim féin:

- tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanas agus ar staid airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a chuid brabúis don bhliain dar críoch sin,
- rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú i gceart i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*, agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an gcuideachta agus rinne mé mo chuid freagrachtaí eitiúla eile a chomhlíonadh i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gurb iomchuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tátail maidir le gnóthas leanúnach

D'ullmhaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. De réir mar atá curtha síos air san aguisín leis an tuarascáil seo, bainim de thátal as

- oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht ag na stiúrthóirí, agus
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Tuairim ar ábhair atá forordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh i rith an iniúchta amháin, tuairiscím de réir mo thuairime

- go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuairisc na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmhaíodh tuairisc na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta de mo chuid ar na ráitis airgeadais.

I mo thuairim, ba leordhóthanach iad taifid chuntasaíochta Údarás Eitlíochta na hÉireann chun gurbh fhéidir iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Éilítear orm freisin faoi Acht na gCuideachtaí 2014 chun a thuairisciú más é an cás, i mo thuairim, nach ndéantar nochtadh maidir le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí mar a éilítear faoi alt 305 go halt 312 den Acht. Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir na stiúrthóirí faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear léi sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas ar rialachas agus tuarascáil na stiúrthóirí, an ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Georgina O Mahony

Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
16 Aibreán 2025

Aguisín le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

De réir mar atá mínithe i dtuairisc na stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheith saor ó mhíthuaiscísí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Alt 30 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, mar a leasaíodh, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann agus chun tuairisciú ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíthuaiscísí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithear míthuaiscísí ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuaiscísí teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuaiscísí ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúcháireachta ar leor agus ar iomchuí i chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuaiscísí ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaos níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionn, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Bainim tatal as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasáíocht, agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Údarás Eitlíochta na hÉireann leanúint mar ghnóthas leantach.
- Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtheadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtheadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach, d'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo bheith ina gcúis le scor na cuideachta de bheith ina gnóthas leantach, áfach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtheadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim cineál ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sí míthuaiscísithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuaiscísí ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ann i dtaca leis an dóigh ina ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na gcuspóirí a ceapadh dó nó i gcás nuair nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas brabúis agus cailteanais


don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nóta	Leanúnach* 2024 €'000	Scortha* 2024 €'000	Iomlán 2024 €'000	Leanúnach* 2023 €'000	Scortha* 2023 €'000	Iomlán 2023 €'000
Láimhdeachas	2	37,435	-	37,435	33,043	57,630	90,673
Caiteachas oibriúcháin		(38,408)	-	(38,408)	(35,535)	(57,073)	(92,608)
Brabús oibriúcháin (cailteanas)		(973)	-	(973)	(2,492)	557	(1,935)
Ioncam eile		1,895	-	1,895	739	-	739
Ús infhála agus ioncam eile den chineál céanna	4	2,224	-	2,224	1,769	8,542	10,311
Ús iníoctha agus muirir chosúla	5	(569)	-	(569)	(438)	(6,971)	(7,409)
Brabús/(cailteanas) as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin		2,577	-	2,577	(422)	2,128	1,706
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	(670)	-	(670)	(201)	(837)	(1,038)
Brabús/(cailteanas) don bhliain airgeadais		1,907	-	1,907	(623)	1,291	668


*Tá eolas le fáil ar leathanach 26/27 den tuarascáil seo faoin mbeartas cuntasáíochta a bhaineann le dí-chomhbhailiú na dtorthaí idir oibríochtaí leanúnacha agus scortha.

Tá an ráitis sreabhaidh airgid agus nótaí 1-24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an bhoird



Rose Hynes
Cathaoirleach



Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

16 Aibreán 2025

Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €'000	2023 €'000
Brabús don bhliain airgeadais		1,907	668
Gnóthachan/(caillteanas) cuimsitheach eile			
Atomhas na glansócmhainne/dliteanais sainithe	19	(1,341)	10,077
Cáin iarchurtha ghaolmhar	14	168	(1,321)
Airgead tirim sa bhreis ar chostais seirbhíse pinsin	19	-	1,818
Gnóthachan/(caillteanas) cuimsitheach eile don bhliain		(1,173)	10,574
Gnóthachan cuimsitheach iomlán don bhliain		734	11,242


Tá an ráitis sreabhaidh airgid agus nótaí 1-24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an bhoird



Rose Hynes
Cathaoirleach

16 Aibreán 2025



Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas maidir leis an staid airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €'000	2023 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	863	1,256
Sócmhainní doláimhsithe	9	6,070	6,020
Sócmhainn pinsin	19	422	395
Sócmhainn chánach iarchurtha	14	1,003	1,034
		8,358	8,705
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe			
– dlite laistigh de bhliain amháin	10	7,874	12,111
Sócmhainní airgeadais	11	24,852	41,680
Taiscí gearrthéarmacha	11	55,511	53,090
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	11	4,764	6,831
		93,001	113,712
Creidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	12	(36,000)	(52,187)
Glansócmhainní reatha		57,001	61,525
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		65,359	70,230
Forálacha maidir le dliteanais			
Oibleagáidí sochair scoir	19	(3,063)	(8,668)
Glansócmhainní		62,296	61,562
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	15	22,675	22,675
Cuntas brabúis agus caillteanais		36,913	36,179
Cúlchiste ranníocaíochta caipitil	22	2,708	2,708
Cistí scairshealbhóirí – cothromas		62,296	61,562


*Athshonraíodh na sócmhainní seasta an 31 Nollaig 2023 chun sócmhainní doláimhsithe a chur i láthair ar leithligh ar shócmhainní inláimhsithe arna sealbhú an dáta sin (féach nóta 9).

Tá an ráitis sreabhaidh airgid agus nótaí 1-24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an bhoird



Rose Hynes
Cathaoirleach



Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach


16 Aibreán 2025

Ráiteas ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


	Scairchaipiteal glaoite €'000	Cuntas brabúis agus cailiteanais €'000	Cúlchiste Ranníocaíochta Caipitil €'000	Cothromas Iomlán €'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2023	22,675	340,557	-	363,232
Ioncam cuimsitheach				
Brabús don bhliain airgeadais	-	668	-	668
Ioncam cuimsitheach eile	-	10,574	-	10,574
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	-	11,242	-	11,242
Idirbhearta le scairsealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas				
Díbhinní	-	(5,265)	-	(5,265)
Ranníocaíocht chaipitil (féach nóta 22)		-	2,708	2,708
Dáileadh ghnóthas ANSP (féach nóta 21)	-	(310,355)	-	(310,355)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2023	22,675	36,179	2,708	61,562
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2024	22,675	36,179	2,708	61,562
Ioncam cuimsitheach				
Brabús don bhliain airgeadais	-	1,907	-	1,907
Caiteachas cuimsitheach eile	-	(1,173)		(1,173)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	-	734	-	734
Idirbhearta le scairsealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas				
Díbhinní	-	-	-	-
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2024	22,675	36,913	2,708	62,296

Tá an ráitis sreabhaidh airgid agus nótaí 1-24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an bhoird



Rose Hynes
Cathaoirleach



Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

16 Aibreán 2025

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


	Nóta	2024 €'000	2023 €'000
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Brabús don bhliain airgeadais		1,907	668
Coigeartú le haghaidh:			
Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe	6,8	548	4,197
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe/doláimhsithe	6,8,9	41	-
Ús infhála agus ioncam eile den chineál céanna	4	(1,769)	(2,281)
Ús iníochta agus muirir den chineál céanna	5	-	151
		727	2,735
Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe		3,373	(8,151)
Laghdú/(Méadú) ar shócmhainní airgeadais		16,828	(5,797)
Laghdú/(Méadú) ar chreidiúnaithe		(23,161)	982
		(2,233)	(10,231)
Cáin a fuarthas/(íochta)		1,065	(978)
Glan-airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí oibriúcháin		(1,168)	(11,209)
Sreafaí airgid ginte/(úsáidte in) gníomhaíochtaí infheistíochta			
Éadail sócmhainní seasta inláimhsithe/doláimhsithe		(247)	(9,520)
Infheistíocht i dtaisc gearrthéarmacha		(2,421)	(22,251)
Ús faighte		1,769	2,281
Glan-airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(899)	(29,490)
Sreafaí airgid úsáidte i ngníomhaíochtaí maoinithe			
Ús íochta		-	(151)
Díbhinní íochta	16	-	(5,265)
Glan-airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí maoinithe		-	(5,416)
Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		(2,067)	(46,115)
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag tús na bliana		6,831	112,747
Lúide: Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar		-	(63,840)
dháileadh ASNP Add: Airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim ar éadail CAR		-	4,039
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana	11	4,764	6,831

Thar ceann an bhoird



Rose Hynes
Cathaoirleach

16 Aibreán 2025



Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

1 Beartais chuntasaíochta

Eolas ginearálta agus bunús an ullmhúcháin

Is cuideachta phríobháideach theoranta é Údarás Eitlíochta na hÉireann ("IAA", "an Chuideachta") a bunaíodh faoi Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993 ("Acht 1993") arna leasú ag an Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair ("Acht 2022"), agus cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ("FRS 102"). Is é an Euro airgeadra tuairiscithe na ráiteas airgeadais seo. Tá na méideanna ar fad sna ráitis airgeadais tugtha cothrom leis an €1,000 is gaire.

Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhítear ag déileáil le míreanna a nglactar leo mar mhíreanna ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais agus, mura sonraítear a mhalairt, tá siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach tréimhse atá luaite sna ráitis airgeadais. Pléitear breithiúnais a thugann na stiúrthóirí, nuair a bhíonn na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar na ráitis agus meastacháin airgeadais lena mbaineann riosca suntasach de choigeartú ábhartha sa chéad bhliain eile i nóta 20.

Atógáil an ghrúpa

Ar an 1 Bealtaine 2023, an dáta a bhí ainmnithe ag an Aire Iompair mar an dáta dílsithe d'Acht 2022 ("Acht 2022"), d'aistrigh IAA Gnóthas ANSP agus na foirne gaolmhara go dtí AirNav na hÉireann, agus fuair sé seilbh, ar leithligh, ar na glansócmhainní, fostaithe agus gach conradh agus comhaontú gaolmhar de chuid an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta ("CAR").

Aistríodh an Gnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann agus san áireamh san aistriú bhí na glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara ar fad de chuid ANSP lena n-áirítear scairshealbhú IASS in IAA North Atlantic Inc agus Entry Point North AB.

Aistríodh glansócmhainní Ghnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann ag a luach anonn sonraithe i ráitis airgeadais na Cuideachta ar an 1 Bealtaine 2023. De bhun Alt 19 d'Acht 2022, ba í an chomaoin chun Gnóthas ANSP a fháil ó IAA an tsaincheist don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe maidir le 96 ghnáthscair i scairchaipiteal AirNav na hÉireann.

Áirítear sa tréimhse chomparáideach sa Ráiteas ar bhrabús agus caillteanas agus ioncam cuimsitheach eile na hdirbhearta oibríochtaí CAR a fuarthas ón 1 Bealtaine 2023, agus léirítear bliain iomlán sa tréimhse reatha. Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 22.

Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh. Glactar leis go bhfuil acmhainní oiriúnacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú sna blianta beaga amach romhainn agus a dlíteanas leanúnacha a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad dlite i gcomhair tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta a gceadaítear na ráitis airgeadais.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha dar luach €60.2 milliún ag an gCuideachta (2023: €59.9 milliún). Tá dúshlán ag baint leis an dearcadh gearrthéarmach lena n-áirítear bacainní maicreacnamaíocha i bhfoirm leibhéal boilscithe ard agus praghsanna breosla níos airde mar aon le rioscaí geopholaitiúla. Is léir ó réamhaisnéisí sreabhaidh airgid na Cuideachta gur cheart go mbeadh an Chuideachta in ann feidhmiú laistigh dá leibhéal leachtachta a bheidh ar fáil sna blianta beaga amach romhainn. Leanfaidh an fhoireann bainistíochta ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar staid airgid thirim na Cuideachta.

Dá réir sin, creideann na stiúrthóirí, i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar riachtanais airgid thirim ghnó na Cuideachta amach anseo, an timpeallacht eacnamaíoch as seo go ceann 12 mhí, na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a mbeidh ar an gCuideachta déileáil leo agus buiséad oibriúcháin na Cuideachta go bhfuil dóthain acmhainní ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú i gcomhair tréimhse de 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais agus go bhfuil sé oiriúnach glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh nuair a bheidh na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Sárú léargais fhíorchirt (tréimhse chomparáideach amháin)

Roimh an dáta dílsithe (an 1 Bealtaine 2023), rinne IAA feidhmeanna en route agus feidhmeanna críochfoirt thar ceann an Stáit faoi Alt 47 d'Acht 1993 agus bhí sé ina pháirtí i gcomhaontuithe le EUROCONTROL. Maidir le héagsúlachtaí idir ioncam tuillte agus costais rialáilte incháilithe, a eascraíonn as riosca méide tráchta agus comhroinnt riosca costais, gnóthaíodh iad ó úsáideoirí seirbhísí loingseoireachta en route agus críochfoirt nó tugadh ar ais dóibh iad. Rinneadh é sin trí choigeartuithe muirir sna blianta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh. Rinneadh na costais a cuireadh san áireamh chun críche chomhaontú EUROCONTROL a shainiú i bprionsabail mhuinearaithe EUROCONTROL agus i Rialacháin Muirir CE ar bhealach lena n-áirítear gach íocaíocht airgid le cistí pinsin.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

Sárú léargais fhíorchirt (tréimhse chomparáideach amháin) (ar lean)

Dá bhrí sin, roimh an dáta dílsithe, chinntar na stiúrthóirí gurbh ionchuí na ranníocaíochtaí airgid uile a rinneadh le ciste pinsin IAA a ionchorprú i speansais oibriúcháin a mhéid a sháraíonn siad an muirear pinsin a chinntear i gcomhréir le FRS 102 ‘Sochair Fostaithe’, agus creidimheas fritháirimh a thaifeadh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (‘OCI’), rinne siad é sin, chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt ar a ioncam cuimsitheach agus ar a shócmhainní, a dhliteanais agus a staid airgeadais ag deireadh gach tréimhse. Léirítear an cur chuige cuntasaíochta sin sa tréimhse chomparáideach amháin, is é sin don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Aibreán 2023. Ón 1 Bealtaine 2023 (an dáta dílsithe), níl IAA á rialú a thuilleadh ag forálacha chomhaontú EUROCONTROL, agus dá bhrí sin ní aithníonn sé a thuilleadh méadú ar a chostas pinsin le hiontráil chomhfheagrach in OCI. Tá tuilleadh sonraí maidir le tionchar na láimhseála cuntasaíochta seo san áireamh sa bheartas cuntasaíochta sochar scoir ar leathanaigh 28 go 29.

Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún maidir le costais stairiúla agus i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (‘FRS 102’). Tá an Chuideachta faoi réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 freisin.

Láimhdeachas

Is éard atá i gceist le láimhdeachas na méideanna faighte agus na méideanna infhála, maidir leis na seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, mar aon leis na táillí faighte agus leis na táillí infhála, i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla curtha i gcrích nuair a bhí ceanglais an rialacháin sábháilteachta á gcomhlíonadh.

Tomhaistear ioncam ag luach cóir na comaoine faighte nó infhála agus is ionann é agus an méid infhála le haghaidh seirbhísí a cuireadh ar fáil. Sa chás go n-íarchuirtear an chomaoin infhála in airgead tirim nó i gcoibhéisí airgid thirim, agus gurb ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, tomhaistear luach cóir na comaoine mar luach láithreach gach fáiltas tothchaíoch trí úsáid a bhaint as an ráta úis bharúlaigh.

Sceidil Muirear

I gcomhréir le hAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993 (“Acht 1993”), aithníonn IAA ioncam chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi Acht 1993 (nó faoi achtacháin eile), lena n-áirítear feidhmeanna a chomhlíonann IAA de bhun Rialacháin an Aontais Eorpaigh atá liostaithe in Acht 1993.

Tá na táillí ina leith sin leagtha amach sna Sceidil Muirear, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an IAA. Déantar iad seo a nuashonrú gach bliain.

Ioncam en route agus críochfoirt

Is é Gnóthas ANSP a rinne na seirbhísí en route agus críochfoirt. Áirítear leis an láimhdeachas sa tréimhse chomparáideach na hioncaim en route agus na hioncaim chríochfoirt arna nginiúint ag Gnóthas ANSP go dtí an dáta dílsithe an 1 Bealtaine 2023.

Is gníomhaíochtaí a rialaítear go heacnamaíoch iad seirbhísí en route agus seirbhísí críochfoirt a sholáthar. Tá siad bunaithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón 11 Feabhra 2019, lena mbunaítear scéim feidhmíochta agus muirearaithe laistigh den Aerspás Eorpach Aonair. Rialaítear iad freisin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020, lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha (2020–2024) den scéim um feidhmíocht agus mhuirearú an aerspáis Eorpaigh aonair de dheasca phaindéim COVID-19. Mar a thuairiscítear thuas, bhí IAA i dteideal a chostais incháilithe formheasta rialála a aisghabháil trí mhuirir ar úsáideoirí aerspáis en route agus críochfoirt. Le haghaidh na tréimhse 2020–2024, leagadh amach na costais incháilithe sin i bPlean Feidhmíochta an Stáit le haghaidh Thréimhse Thagartha 3 (RP3) 2020–2024, a formheasadh i mí na Bealtaine 2022.

Ioncam iarchurtha

Aithníonn IAA ioncam a bhaineann le deimhnithe aeracmhainneachta, a mhuirearaítear ar bhonn bliantúil ar aerárthaí atá bunaithe san AE, de réir a oibleagáidí monatóireachta agus feidhmíochta de réir méid chothroim thar thréimhse dhá mhí dhéag.

Ar an 1 Bealtaine 2023, shealbhaigh IAA oibríochtaí CAR (féach nóta 22). Dá réir sin, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, cuimsítear sa láimhdeachas ocht mí d’ioncam ginte ó ghníomhaíochtaí CAR, ina n-áirítear ioncam tobhaigh agus táillí ceadúnais (féach thíos). Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, áirítear sa láimhdeachas 12 mhí d’ioncam a ghintear ó na gníomhaíochtaí sin.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

Láimhdeachas (ar lean)

Táillí ceadúnais

Aithnítear ioncam ó tháillí ceadúnais sa tréimhse ina n-eisítear an ceadúnas.

Oibríochtaí scortha

Is comhpháirteanna den chuideachta atá diúscartha ag an dáta tuairiscithe iad oibríochtaí scortha agus roimhe seo is réim ghnó nó réimse oibríochta geografach suntasach ar leith a bhí iontu.

Cuirtear san áireamh iad sa chuntas brabúis agus caillteanais i gcolún ar leith don tréimhse chomparáideach, lena n-áirítear an gnóthachan nó an caillteanas ar dhíol nó ar chaillteanas bearnúcháin ar thréigean.

Is ionann na hoibríochtaí scortha a léirítear sna ráitis airgeadais seo agus diúscairt Ghnóthas ANSP.

Go stairiúil laistigh de IAA, sholáthair an rannán SRD (oibríocht leantach), maoirseacht sábháilteachta rialála ar rannán ANSP (oibríocht scortha). Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023, ina gcuntais bhainistíochta rannacha, d'aithneodh an rannán SRD “ioncam” a bhain leis an ANSP a rialú, agus d’aithin an rannán ANSP costas rialacháin comhfhreagrach. Níor aithníodh an t-ioncam agus na costais sin riamh, áfach, agus ní cuireadh i láthair iad i ráitis airgeadais reachtúla ar leithligh IAA toisc gur idirbhearta laistigh den aon eintiteas dlíthiúil amháin iad roimh an 1 Bealtaine 2023 (an dáta dílsithe) agus dá bhrí sin cuireadh deireadh leo.

I ndiaidh an dáta dílsithe (1 Bealtaine 2023) agus aistriú Ghnóthas ANSP chun eintiteas dlíthiúil aonair nua (“AirNav na hÉireann”), soláthraíonn IAA maoirseacht rialála sábháilteachta ar AirNav na hÉireann.

Dá réir sin, agus na torthaí sa Ráiteas ar bhrabús agus caillteanas á ndí-chomhiomlánú idir oibríochtaí leanúnacha (SRD) agus oibríochtaí scortha (ANSP) sa tréimhse chomparáideach, d’aithin IAA ioncam €2.05 milliún don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar chuid de “oibríochtaí leanúnacha” agus speansas comhfhreagrach €2.05 milliún in “oibríochtaí scortha” chun ioncam agus speansas na muirear rialála laistigh den oibríocht sin sa tréimhse chomparáideach a léiriú.

Trí na muirir rialála ionoibríochta seo a chur san áireamh mar chuid d’oibríochtaí leantacha, creideann na Stiúrthóirí go dtabharfaidh sé seo léargas níos cruinne d’úsáideoirí na ráiteas airgeadais ar thorthaí oibríochtaí leantacha IAA ar bhonn leanúnach (féach nóta 2, 18 agus 21).

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe sonraithe ag costas, lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Riomhtar dímheas chun costas gach sócmhainne seasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh ceannaithe mar chuid de shuiteáil, de réir méid chothroim thar a saolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

Daingneáin agus feistis foirgnimh léasaithe	5 – 10 bliana
Troscán oifige agus trealamh TFC	3 – 5 bliana
Earraí crua	3 – 5 bliana

Déantar sócmhainní a dhímheas ón dáta a gcoimisiúnaítear le húsáid iad. Tugtar anonn sócmhainní atá á dtógáil/suiteálacha a bhfuiltear ag obair orthu ag costas stairiúil agus ní dhéantar iad a dhímheas go dtí go gcuirtear tús lena n-úsáid. Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe ag gach dáta tuairiscithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil aon fhianaise ar bhearnúchán ar fáil.

Sócmhainní léasaithe

Cuirtear costas cíosanna léasa oibriúcháin san áireamh de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhsí na léasanna.

Airgeadraí eachtracha

Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag ráta malairte dheireadh na bliana. Déileáiltear leis na brabúis agus caillteanais a leanann as a leithéid sa chuntas brabúis agus caillteanais don bhliain.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

Deontais Rialtais

Aithníonn an Chuideachta deontais Rialtais de réir na samhla fabhráithe faoi FRS 102. Aithnítear deontais ioncaim a bhaineann le caiteachas sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil sé beartaithe an deontas a úsáid chun é a chúiteamh.

Cánachas

Foráiltear do cháin chorparáide ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí atá i bhfeidhm faoi láthair. Aithnítear cáin iarchurtha i ndáil le gach difríocht uainithe a bhí tagtha chun cinn, ach nach raibh aisiompaithe, ar an dáta tuairiscithe. Déantar foráil ag na rátaí a bhfuiltear ag súil a bheidh i bhfeidhm nuair a bheidh na difríochtaí uainithe aisiompaithe. Is éard atá i gceist le difríochtaí uainithe difríochtaí idir brabúis inchánacha na Cuideachta agus a torthaí, mar atá sonraithe sna ráitis airgeadais, a eascraíonn as gnóthachain agus caillteanais a chur san áireamh i mbrabúis inchánacha i dtréimhsí nach ionann iad agus na tréimhsí atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Glactar leis go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus dá réir sin, ní aithnítear a leithéid ach nuair, bunaithe ar an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil, is féidir glacadh leis gur dócha go mbeidh brabúis inchánacha oiriúnacha ann ónár féidir aisiompú todhchaíoch na ndifríochtaí uainíochta bunúsacha a asbhaint.

Sochair scoir

Roimh an dáta dílsithe ar an 1 Bealtaine 2023, chuir IAA pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi chúig scéim aoisliúntais. Scéimeanna le sochar sainithe ba ea trí cinn de na scéimeanna seo: “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996” – do bhaill foirne a chur tús lena bhfostaíocht roimh an 1 Aibreán 2008; “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008” – do bhaill foirne a chur tús lena bhfostaíocht ón 1 Aibreán 2008 go 31 Nollaig 2011; “Plean Pinsin Hibridigh Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012” – do bhaill foirne a chur tús lena bhfostaíocht ón 1 Eanáir 2012.

Chomh fada is a bhaineann leis na scéimeanna, tuairiscíodh an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach láithreach, measta go hachtúireach, dhliteanais na scéimeanna, trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, mar shócmhainn/dhliteanas ar an ráiteas maidir le staid airgeadais. Rinneadh measúnú achtúireach ar na scéimeanna seo ar an 30 Aibreán 2023 agus ghlac AirNav na hÉireann freagracht astu ar an 1 Bealtaine 2023.

De bhun Acht 2022, chomhaontaigh IAA agus AirNav na hÉireann ar mhiondealú ar oibleagáidí pinsin mar atá mínithe tuilleadh thíos. Tá briseadh soiléir (chomh fada agus ab fhéidir) bainte amach i ndáil le roinnt na ndlíteanas pinsin idir IAA agus AirNav na hÉireann i ndiaidh an 1 Bealtaine 2023. Ar an iomlán, níor tugadh aon athrú faoi deara ar theidíochtaí sochair foriomlána na bhFostaithe Aistrithe mar thoradh ar an socrú.

Ón 1 Bealtaine 2023, ghlac AirNav na hÉireann le freagracht as gach scéim atá á bhfeidhmiú ag IAA faoi láthair (an phríomhscéim agus Scéimeanna Hibrideacha). Tá na scéimeanna seo ag freastal ar dhliteanais phinsin uile na bhfoirne aistrithe go dtí AirNav na hÉireann, daoine atá ar scor faoi láthair, baill iarchurtha agus a gcleithiúnaithe cáilithe. Chomh maith leis sin, rinne AirNav na hÉireann foráil do chuid de na dliteanais phinsin a bhaineann le baill foirne leantacha IAA arna chinneadh bunaithe ar bhonn tagartha comhaontaithe a bhain le seirbhís inphinsin críochnaithe roimh an dáta dílsithe agus tuarastal inphinsin ar an dáta dílsithe.

In 2023, bhunaigh IAA a scéim(eanna) le sochar sainithe/hibrideach(a) féin agus tá sé freagrach as na dliteanais a bhaineann le seirbhís thodhchaíoch bhaill foirne IAA mar aon leis na sochair phinsin a bhaineann le méaduithe pá inphinsin i ndiaidh an dáta dílsithe (féach nóta 19 le haghaidh tuilleadh sonraí).

Is ionann an méid atá muirearaithe don chuntas brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 an mhéid seo a leanas:

- (a) costas na sochar pinsin, arna gcinneadh go hachtúireach, geallta d'fhostaithe le haghaidh seirbhíse i rith na bliana móide aon fheabhsú sochair ceadaithe do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse faoi láthair/roimhe seo), agus
- (b) an t-ús glan ar an nglandlíteanas le sochar sainithe ina gcuimsítear costas úis na n-oibleagáidí le sochar sainithe agus ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

Aithnítear an difríocht idir an t-ioncam úis ar shócmhainní agus an toradh a fuarthas i ndáiríre, agus aon athrú ar na dliteanais mar gheall ar athruithe ar thiomhdí, nó de bhrí go raibh an t-eispéireas iarbhrí i rith na bliana éagsúil leis an eispéireas a measadh a bheadh ann, mar ghnóthachain agus caillteanais atomhais sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (“OCI”).

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

Sochair scoir (ar lean)

Sa bhliain roimhe sin, le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Aibreán 2023, áiríodh sa chuntas brabúis agus caillteanais muirear breise ar speansais oibriúcháin lena léirítear an difríocht idir an muirear pinsin arna chinneadh go hachtúireach (costas seirbhíse reatha/iar-sheirbhíse) a áirítear thuas agus iomlán na n-íocaíochtaí airgid leis an gciste pinsin sa tréimhse sin. Áiríodh méid comhionann fritháirimh in OCI, rud a léiríonn ionchas na haisghabhála faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL mar a thuairiscítear ar leathanach 25. Níor aithníodh aon mhuirir ná suimeanna breise den sórt sin sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, ós rud é nach bhfuil IAA ina pháirtí i gcomhaontú EUROCONTROL a thuilleadh.

Dá bhrí sin, d'ímigh an Chuideachta ó cheanglais FRS 102 sa tréimhse chomparáideach, ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Aibreán 2023, d'fhonn a chinntiú go bhfuil ceanglais na gcomhaontuithe facina bhfuil a hoibríochtaí á rialú á gcomhlíonadh agus, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe sin, go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais don tréimhse sin. Mar thoradh ar an imeacht sin mhéadaigh an costas pinsin €1,817,585 os cionn na gcostas seirbhíse cinnte, atá le haisghabháil faoin gcóras muirearaithe sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus chun creidmheas fritháirithe in OCI a thaifeadadh, agus ar an tslí sin, na cúlchistí agus sócmhainní brabúis agus caillteanais, mar aon le dlíteanais agus staid airgeadais na Cuideachta de réir cheanglais FRS 102, a chothabháil.

Sa chás go sáraíonn sócmhainní scéime a hoibleagáid, aithnítear sócmhainn a mhéid is nach sáraíonn sí luach láithreach laethanta saoire ranníocaíochta amach anseo nó aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí (teorainn na sócmhainne). Chomh fada is a bhaineann le scéimeanna na Cuideachta, ní chuirtear teorainn na sócmhainne i bhfeidhm de bhrí, in imthosca sonraithe áirithe, cosúil le foirceannadh ag deireadh shaol na scéime, go bhfuil an Chuideachta ag súil go mbeidh sí in ann aon bharrachas a aisghabháil. Ar an gcuma chéanna, ní aithnítear dlíteanas i ndáil le híoscheanglais mhaoinithe amach anseo. Níl ceart substainteach ag na hiontaobhaithe chun sochair a mhéadú, ná níl an ceart acu chun an plean a fhoirceannadh ach amháin sa chás go ndéantar an t-eintiteas a dhíscaoileadh nó go bhfoirceannaítear na ranníocaíochtaí a dhéanann an Chuideachta.

Foráladh thairis sin in Acht 2022 d'aistriú scéimeanna pinsin CAR go dtí IAA ar an dáta dílsithe. D'fheidhmigh CAR scéim sochair scoir arb ionann í agus socrú sochair scoir tuarastail deiridh le sochar sainithe agus bhí na sochair á sainiú trí thagairt do rialacháin “samhail” na hearnála poiblí atá i bhfeidhm faoi láthair. Ghlac IAA seilbh ar an scéim pinsin seo ar an 1 Bealtaine 2023 (tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 19. Chomh maith leis sin, d'fheidhmigh CAR “Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí” (“Scéim Aonair”) – do bhaill foirne ar cuireadh tús lena bhfostaíocht ón 1 Eanáir 2013. Ní raibh baill na Scéime Pinsean Aonair ar ghlac IAA seilbh ar a gconarthaí fostaíochta ar an 1 Bealtaine 2023 i dteideal páirt a ghlacadh sa Scéim Aonair a bhí á fheidhmiú ag CAR roimhe seo níos mó. Chruthaigh IAA scéim scátháin lena bhain na rialacha céanna leis an Scéim Aonair le haghaidh na bhfostaithe seo (tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 19).

Bannaí Trádála Taistil agus Ciste Cosanta na dTaistealaithe

Aistríodh an fhreagracht a bhain le ceadúnú gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas de réir an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, arna leasú, ón Roinn Fiontar Poiblí (ag an am) go dtí CAR ar lá a bhunaithe, an 27 Feabhra 2001. Aistríodh an fhreagracht seo go dtí IAA ar an dáta dílsithe (1 Bealtaine 2023) i gcomhréir le ceanglais an Achta Aerloingseoireachta agus Aeríompair, 2022.

Coimeádadh airgead lóisteáilte mar bhannaí airgid ag gníomhairí taistil de bhun Alt 13 d'Acht 1982 i gcuntais bhainc ar leith a bhí á rialú ag an IAA. Déanann an IAA íocaíochtaí de bhun éileamh a dhéantar ar na bannaí de réir mar a thagann siad chun cinn. Tugtar cuntas mar chreidiúnaithe ar iarmhéideanna nár caitheadh ar chuntais bannaí amhail an 31 Nollaig 2024.

Bunaíodh Ciste Cosanta na dTaistealaithe faoi Alt 15 d'Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, chun foráil a dhéanamh d'aon easnamh ar na bannaí taistil a chlúdaíonn caillteanais nó dlíteanais tabhaithe ag custaiméirí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas.

Aisíocadh na cuntais bannaí agus an Ciste a bhí á riar ag an IAA a raibh a speansais aisíoctha ó na bannaí nó ón gCiste faoi théarmaí Acht 1982. Ullmhaíodh ráitis airgeadais ar leithligh do na cuntais bannaí ghlaite agus do Chiste Cosanta na dTaistealaithe agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu freisin.

Ionstraimí airgeadais bunúsacha

Ar dtús, aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha, lena n-áirítear infháltais thrádála, ioncam fabhráithe, infháltais eile agus iarmhéideanna airgid thirim agus bainc, ag an bpraghas idirbheart, murab ionann an socrú agus idirbheart airgid, sa chás go dtomhaistear an t-idirbheart ag luach láithreach na bhfáltais todhcháioch lascainithe ag margadhluach úis agus aitheanta i gcoinne ioncaim. Ina dhiaidh sin, tugtar a leithéid de shócmhainní anonn ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain agus aithnítear iad mar ioncam úis.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

Ionstraimí airgeadais bunúsacha (ar lean)

Féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agus eile

Ar dtús, aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile ag an bpraghas idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha eile. Ar dtús, aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile ag an bpraghas idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha eile. I ndiaidh a n-aitheanta tosaigh, tomhaistear iad ag costas amúchta, trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain, lúide aon chaillteanas bearnúcháin sa chás gur féichiúnaithe trádála atá i gceist.

Ríomhtar caillteanas bearnúcháin a bhaineann le sócmhainn airgeadais tomhaiste ag costas amúchta mar an difríocht idir a shuim ghlanluacha agus luach láithreach na sreafaí airgid todhchaíocha measta lascainithe ag ráta úis ghlain bhunaidh na sócmhainne. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hús ar an tsócmhainn bhearnaithe a aithint ar an tsuim ghlanluacha ghlan. Maidir le hionstraimí airgeadais arna dtomhas ag costas lúide bearnúcháin, ríomhtar bearnúcháin mar an difríocht idir a shuim ghlanluacha agus an meastachán is fearr faoin méid a bhfaigheadh an Chuideachta don tsócmhainn dá ndíolfaí í ag an dáta tuairiscithe. Aithnítear caillteanas bearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Nuair a bhíonn imeacht a tharlaíonn ina dhiaidh sin mar bhonn le méid an chaillteanais bearnúcháin a bheith ag laghdú, aisiompaítear an laghdú ar an gcaillteanas bearnúcháin tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais.

Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha

Is éard atá i gceist le hairgead tirim airgead tirim arna shealbhú i mbainc agus atá ar fáil ar éileamh. Is infheistíochtaí an-leachtacha iad coibhéisí airgid thirim (seachas airgead tirim) ar furasta iad a thiontú go dtí méideanna aitheanta airgid thirim, taiscí airgid thirim lena mbaineann tréimhse aon lá amháin agus trí mhí de ghnáth. Is ionann taiscí gearrthéarmacha agus taiscí airgid thirim lena mbaineann tréimhse trí mhí go dtí aon bhliain amháin. Ar dtús, taifeadtar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha ag luach cóir agus ina dhiaidh sin sonraítear iad ag costas amúchta agus déantar iad a chatagóiriú mar iasachtaí agus infháilais.

Forálacha

Aithnítear foráil nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ag an gCuideachta faoi láthair mar thoradh ar theagmhais a tharla roimhe seo, ar féidir í a thomhas go hiontaofa agus ar dócha go mbeidh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach.

Tomhaistear foráil le haghaidh conarthaí dochraideacha ag luach láithreach an chostais ionchais níos ísle a bhfuiltear ag súil leis a bhainfidh le forceannadh an chonartha agus an glanchostas ionchais a bhaineann le leanúint ar aghaidh leis an gconradh (féach nóta 12 le haghaidh tuilleadh sonraí).

Sócmhainní doláimhsithe

Aithnítear caiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde sa chuntas brabúis agus caillteanais mar chostas de réir mar a thabhaítear é.

Déantar caiteachas ar ghníomhaíochtaí forbartha a chaipitliú má tá an táirge nó an próiseas indéanta go teicniúil agus go tráchtála agus má tá sé beartaithe ag an gCuideachta, agus má tá an cumas teicniúil agus acmhainní leordhóthanacha aici, chun an fhorbairt a chríochnú, má tá buntáistí eacnamaíocha todhchaíocha dóchúil agus más féidir leis an gCuideachta an caiteachas a bhaineann leis an tsócmhainn inláimhsithe a thomhas go hiontaofa i rith a forbartha. San áireamh sna gníomhaíochtaí forbartha tá dearadh, tógáil nó tástáil táirgeadh táirgí nó próiseas nua nó feabhsaithe go suntasach. Cuimsítear sa chaiteachas caipitlithe costas na n-ábhar agus an tsaothair dhíreach mar aon le céatadán oiriúnach d'fhorchostais agus de chostais iasachtaíochta chaipitlithe. Aithnítear caiteachas forbartha eile sa chuntas brabúis agus caillteanais mar chostas atá tabhaithe. Tá caiteachas forbartha caipitlithe sonraite ag costas, lúide amúchadh carntha agus caillteanais bearnúcháin charntha. Déantar sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt a amúchadh ón dáta a thagann siad chun bheith ar fáil go suntasach lena n-úsáid ar an gcaoi atá beartaithe ag an mBainistíocht.

Luaitear sócmhainní doláimhsithe eile a fhaigheann an Chuideachta ar chostas lúide amúchadh carntha agus lúide caillteanais bearnúcháin charntha. Ríomhtar amúchadh de réir méid chothroim thar shaolré fhóinteach mheasta na sócmhainne, mar seo a leanas:

Bogearraí 3 – 8 bliana

Déantar sócmhainní doláimhsithe faighte a amúchadh ón dáta a choimisiúnaítear iad lena n-úsáid.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

2 Láimhdeachas

	2024 €'000	2023 €'000
<i>Gníomhaíocht:</i>		
<i>Oibríochtaí leantacha:</i>		
Ceadúnú pearsanta	3,614	3,137
Maoirseacht NSA	7,050	6,582
Deimhniú	16,690	14,110
Rialáil eacnamaíoch	4,296	3,248
Slándáil eitlíochta	2,523	2,263
Aeradróim	1,152	1,024
Córais Aerárthaí Gan Foireann	420	282
Seirbhísí idirnáisiúnta eile	1,690	2,397
<i>Oibríochtaí scortha:</i>		
En route	-	39,690
Críochfort	-	9,903
Cumarsáidí Atlantaigh Thuaidh	-	6,027
Aerthrácht díolmhaithe	-	388
Tráchtáil agus eile	-	1,622
	37,435	90,673

Tá eolas le fáil ar leathanach 26/27 faoin mbeartas cuntasaíochta a bhaineann le dí-chomhbhailiú an ioncaim idir oibríochtaí leanúnacha agus scortha.

Baineann láimhdeachas IAA go príomha le seirbhísí eitlíochta agus feidhmeanna reachtúla a chuirtear ar fáil i bPoblacht na hÉireann.

3 Líon foirne agus costais

Seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe i rith na bliana, lena n áirítear na stiúrthóirí feidhmiúcháin, anailísithe de réir catagóire:

	2024 Líon	2023 Líon
Rialachán sábháilteachta	134	132
Oibríochtaí eile	20	46
Seirbhísí corparáideacha	35	42
Rialtóirí aerthrachta	-	284
Innealtóirí	-	83
Oifigigh raidió	-	52
Líon iomlán fostaithe	189	639

Ar an dáta dilsithe, aistríodh gnó ANSP go dtí AirNav na hÉireann agus shealbhaigh IAA glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara uile CAR. Dá réir sin, is ionann na figiúirí thuasluaite a bhaineann le rialtóirí aerthrachta, innealtóirí agus oifigigh raidió sa tréimhse chomparáideach agus na meánfhiigiúirí le haghaidh na ról seo idir Eanáir 2023 go dtí 30 Aibreán 2023. Baineann an laghdú ar na figiúirí le haghaidh na seirbhísí oibríochtúla agus corparáideacha sa bhliain le baill foirne a bhfuil ról thacaíochta acu a bhogadh go dtí AirNav na hÉireann ar an dáta dilsithe.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

3 Líon foirne agus costais (ar lean)

Seo a leanas costais phárolla chomhiomlána na ndaoine seo, atá curtha san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais:

	2024 €'000	2023 €'000
Pánna agus tuarastail	18,451	39,254
Costais leasa shóisialaigh	1,940	3,759
Costais phinsin – costais seirbhíse reatha (nóta 19)	1,397	3,380
Costais phinsin – ranníocaíocht shainithe (nóta 19)	221	248
Costais phinsin – costas airgid thirim breise (nóta 19)	-	1,818
Costais iarfhostaíochta eile (nóta 19)	-	105
	22,009	48,564

Is féidir tuilleadh analíse a dhéanamh ar phánnas agus ar thuarastail mar seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Bunphá	18,275	36,999
Ragobair	-	1,018
Liúntais agus íocaíochtaí eile	176	1,237
	18,451	39,254

Sa bhliain roimhe sin, i ndiaidh moladh a fháil ó Bhord um Réiteach Díospóidí Inmheánach (an “IDRB”) IAA ar an 19 Bealtaine 2023 íocaíocht a thabhairt d'fhostaithe de chuid IAA a ghlac le ciorrú pá mar chuid de thacar beart srianta costas a bhain le COVID-19, chomhaontaigh an Bord, ar an 19 Meán Fómhair 2023, an moladh a chur chun feidhme ag costas de €862,000 (curtha san áireamh sna liúntais agus i méid na n-íocaíochtaí eile thuasluaite). Bhain an moladh le IAA agus AirNav na hÉireann. Ba é méid iomlán an IAA ná €862,000 a íocadh in dhá chuid i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus i mí Feabhra 2024.

Tá líon na bhfostaithe ar íocadh sa bhreis ar €50,000 leo catagóirithe sna bannaí seo a leanas:

	2024 Líon	2023 Líon
€50,000 - €74,999	36	104
€75,000 - €99,999	24	14
€100,000 - €124,999	21	27
€125,000 - €149,999	41	53
€150,000 - €174,999	24	10
€175,000 - €199,999	5	-
€200,000 - €224,999	-	1

Ar an 1 Bealtaine 2023 (an dáta dílsithe), aistríodh gnó ANSP go dtí AirNav na hÉireann agus shealbhaigh IAA glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara uile CAR. Dá réir sin, tá na figiúirí comparáideacha thuasluaite comhréireach go dtí/ón dáta dílsithe agus níl siad inchomparáide le figiúirí na bliana reatha.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

4 Ús infhála agus ioncam den chineál céanna

	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe	455	7,409
Ús ar iasacht idirchuideachta	-	151
Ioncam díbhinne ó shócmhainní airgeadais eile	-	622
Ús bainc	1,769	1,993
Ús eile	-	136
	2,224	10,311

5 Ús iníoctha agus muirir den chineál céanna

	2024 €'000	2023 €'000
Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe	569	6,911
Ús bainc	-	74
Táillí saoráide iasachta bainc	-	77
Bearnúchán ar shócmhainní airgeadais	-	347
	569	7,409

6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile

Sonraítear an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh an mhéid seo a leanas a mhuirearú:

	2024 €'000	2023 €'000
Dímheas (nóta 8)	548	4,197
Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - foirgnimh	3,138	3,853
Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - eile	3	-
Caillteanas bearnúcháin ar shócmhainn sheasta inláimhsithe (nóta 8 agus 9)	41	-
Luach saothair an Iníuchóra		
<i>Deloitte</i>		
- iniúchadh	-	-
- dearbhú eile	-	216
- seirbhísí cánach	-	-
- comhlíontacht	-	23
- comhairleach	-	56
<i>Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023)</i>		
- iniúchadh	35	14
- dearbhú eile	-	-
- seirbhísí cánach	-	-
- comhlíontacht	-	-
Luach saothair iomlán an iniúcháir	35	309

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile (ar lean)

	2024 €	2023 €
Luach saothair na stiúrthóirí		
Táillí iníoctha le stiúrthóirí		
Rose Hynes, Uasal (<i>Cathaoirleach</i>)	21,600	21,600
An tUasal Declan Fitzpatrick† (<i>Príomhfheidhmeannach</i>)	-	-
An tUasal Gerry Lumsden	12,600	12,600
Joan McGrath, Uasal	12,600	12,600
An tUasal Dermot Griffin (<i>ceaptha ar an 13 Aibreán 2023</i>)	12,600	8,741
An tUasal Patrick Knight (<i>ceaptha ar an 13 Aibreán 2023</i>)	12,600	8,741
Ann Mc Garry, Uasal (<i>ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023</i>)	12,600	8,162
Nóirín O'Sullivan, Uasal (<i>ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023</i>)	12,600	8,162
An tUasal Cian Blackwell (<i>a d'éirigh as a chúraimí ar an 13 Aibreán 2023</i>)	-	3,864
Eimer O'Rourke, Uasal (<i>a d'éirigh as a chúraimí ar an 13 Aibreán 2023</i>)	-	3,864
An tUasal Colum Hanifan† (<i>ceaptha ar an 29 Bealtaine 2024</i>)	-	-
An tUasal Peter Kearney† (<i>Iar-Phríomhfheidhmeannach</i>) (<i>a d'éirigh as a chúraimí ar an 1 Bealtaine 2023</i>)	-	-
An tUasal Ernie Donnelly† (<i>a d'éirigh as a chúraimí ar an 5 Deireadh 2023</i>)	-	-
	97,200	88,334

† Ní bhfuair an tUasal Donnelly, an tUasal Hanifan, an tUasal Fitzpatrick agus an tUasal Kearney táille stiúrthóra agus íocadh iad mar fhostaithe de chuid IAA (suas go dtí dáta a n-éirí as oifig don Uasal Donnelly agus an tUasal Kearney).

Ar an iomlán, bhí costais íoctha le, nó thar ceann, stiúrthóirí, i ndáil le seirbhísí mar stiúrthóirí cothrom le €1,050 san iomlán i rith 2024 (2023: €6,668). Ba le taisteal agus cothú go príomha a bhain na costais seo.

Luach saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhaineann le conradh fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh.

	2024 €'000	2023 €'000
<i>An tUasal Peter Kearney (a d'éirigh as a chúraimí ar an 1 Bealtaine 2023)</i>		
Buntuarastal bliantúil	-	75
Sochair incháinithe eile	-	-
Ranníocaíocht phinsin	-	27
<i>An tUasal Declan Fitzpatrick (ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023)</i>		
Buntuarastal bliantúil	195	130
Sochair incháinithe eile	-	-
Ranníocaíocht phinsin	21	47
	216	279

Ceapadh an tUasal Peter Kearney mar Phríomhfheidhmeannach ar an 6 Meitheamh 2018 agus d'éirigh sé as a chúraimí ar an 1 Bealtaine 2023. De bhun a chonradh Príomhfheidhmeannaigh, bhí tuarastal an Uasail Kearney cothrom le €225,000 sa bhliain.

Ceapadh an tUasal Declan Fitzpatrick mar Phríomhfheidhmeannach ar an 1 Bealtaine 2023. De bhun a chonradh Príomhfheidhmeannaigh, tá tuarastal an Uasail Fitzpatrick cothrom le €195,000 sa bhliain. Bhí an luach saothair agus na ranníocaíochtaí pinsin a bhain le conradh fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh cothrom le €21,000.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile (ar lean)

Bhí an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta sa bhliain cothrom le €1.7 milliún (2023: €1.9 milliún) ina gcuimsítear tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha eile dar luach €1.5 milliún (2023: €1.6 milliún) agus sochair iarfhostaíochta dar luach €0.2 milliún (2023: €0.3 milliún). Is éard atá i gceist le cúiteamh na príomhfhoirne bainistíochta cúiteamh a íocadh le daoine ag a bhfuil údarás agus freagracht as gníomhaíochtaí na Cuideachta a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. San áireamh anseo tá na baill bhoird agus na feidhmeannaigh shinsearacha.

7 Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí

	2024 €'000	2023 €'000
Anailís ar an muirear cánach sa bhliain		
<i>Cáin Reatha</i>		
Cáin chorparáide	483	743
Coigeartuithe i leith réamhthréimhsí	29	151
	512	894
<i>Cáin iarchurtha</i>		
Tionscnamh agus aisiompú difríochtaí uainiúcháin	158	144
Coigeartuithe i leith réamhthréimhsí	-	-
	158	144
Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí	670	1,038
	2024 €'000	2023 €'000
Réiteach cánach iomlán brabúis agus cailíteanais		
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	2,577	1,706
Cáin reatha ionchais ag 12.5% (2023: 12.5%)	322	213
<i>Tionchar na nithe seo a leanas:</i>		
Difríochtaí buana	-	138
Costais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach	379	266
Ioncam nach bhfuil incháinithe ag an ráta caighdeánach	231	348
Cáin chorparáide i leith blianta roimh ré	29	151
Coigeartuithe Eile	(291)	(78)
Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí	670	1,038

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

8 Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Foirgneamh ar léas – troscán agus fearais €'000	Suiteálacha idir lámha €'000	Troscán oifige agus trealamh TFC €'000	Earraí crua €'000	Iomlán €'000
Costas					
Ag tús na bliana	2,878	477	202	1,287	4,844
Aistrithe sa bhliain	26	(477)	11	440	-
Breiseanna sa bhliain	29	-	-	119	148
Diúscairtí sa bhliain	-	-	(189)	(606)	(795)
Ag deireadh na bliana	2,933	-	24	1,240	4,197
Dímheas carntha					
Ag tús na bliana	2,547	-	185	856	3,588
Muirear sa bhliain	92	-	10	430	532
Diúscairtí sa bhliain	-	-	(184)	(602)	(786)
Ag deireadh na bliana	2,639	-	11	684	3,334
Glanluach de réir na leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2024	294	-	13	556	863
Amhail an 31 Nollaig 2023	331	477	17	431	1,256

Tar éis an athbhreithnithe a cuireadh i gcrích i rith na bliana, aithníodh go bhfuil caillteanas diúscairthe €9k ann (2023: €Nialas) i speansais oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Rinneadh coigeartuithe athaicmiúcháin ar mhéideanna na bliana airgeadais 2023 le haghaidh sócmhainní inláimhsithe. Bhí gá leis an athráiteas chun catagóirí áirithe sócmhainní inláimhsithe a athaicmiú chun na ráitis airgeadais a chur i láthair níos soiléire d'úsáideoirí. Go sonrach, rinneadh cuid de "Suiteáil idir lámhe" a athaicmiú mar shócmhainní doláimhsithe faoi Fhorbairt, agus rinneadh cuid de threalamh oifige a athaicmiú mar earraí crua agus bogearraí (sócmhainní doláimhsithe).

- Rinneadh an costas €2,878k agus dímheas carntha €2,547k, a aicmíodh roimhe seo mar fhoirgneamh amhail an 31 Nollaig 2023, a athaicmiú mar fhoirgneamh, troscán agus daingneáin ar léas.
- Rinneadh an costas €5,991k, a aicmíodh roimhe seo mar shuiteálacha idir lámha ón 31 Nollaig 2023, a athaicmiú mar shócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt (féach nóta 9).
- Rinneadh an costas €1,287k agus dímheas carntha €856k, a aicmíodh roimhe sin mar threalamh oifige amhail an 31 Nollaig 2023, a athaicmiú mar earraí crua.
- Rinneadh an costas €2,108k agus dímheas carntha €2,079k, a aicmíodh roimhe sin mar threalamh oifige amhail an 31 Nollaig 2023, a athaicmiú mar bhogearraí, sócmhainn dholáimhsithe (féach nóta 9).

Ní raibh aon tionchar ag an athráiteas sin ar ghlansócmhainní ná ar bhrabús.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

9 Sócmhainní Doláimhsithe

	Bogearraí €'000	Sócmhainn dholáimhsithe atá á forbairt €'000	Iomlán €'000
Costas			
Ag tús na bliana	2,108	5,991	8,099
Breiseanna	-	98	98
Diúscairtí	(2,081)	(32)	(2,113)
Ag deireadh na bliana	27	6,057	6,084
Dímheas carntha			
Ag tús na bliana	2,079	-	2,079
Muirear sa bhliain	16	-	16
Diúscairtí sa bhliain	(2,081)	-	(2,081)
Ag deireadh na bliana	14	-	14
Glanluach de réir na leabhar			
Amhail an 31 Nollaig 2024	13	6,057	6,070
Amhail an 31 Nollaig 2023	29	5,991	6,020

Is ionann sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt agus costais tríú páirtí a thabhaítear chun ardán MySRS IAA a fhorbairt. Athaicmíodh an tsócmhainn sin ó “Suiteálacha idir Lámha” laistigh de Shócmhainní Inláimhsithe go Sócmhainní Doláimhsithe atá á bhforbairt le haghaidh cur i láthair níos soiléire sna ráitis airgeadais, toisc go gcomhlíonann sí an sainmhíniú ar shócmhainn dholáimhsithe i gcomhréir le FRS 102.

Ar an gcaoi chéanna, rinneadh bogearraí a athaicmiú ó “Trealamh Oifige” laistigh de Shócmhainní Inláimhsithe go Sócmhainní Doláimhsithe lena gcur i láthair ar bhealach níos cruinne, toisc go gcomhlíonann sé freisin an sainmhíniú ar shócmhainn dholáimhsithe in de réir FRS 102.

Ní raibh aon tionchar ag an athráiteas sin ar ghlansócmhainní ná ar bhrabús. Féach ar nóta 8 chun teacht ar bhreis sonraí.

10 Féichiúnaithe

	2024 €'000	2023 €'000
Féichiúnaithe trádála, glan	2,541	7,545
Réamhíocaíochtaí	981	447
Ioncam fabhraithe	3,437	2,495
Féichiúnaithe eile	438	282
Cáin chorparáide	418	1,324
Sócmhainn chánach iarchurtha (nóta 14)	59	18
	7,874	12,111
Dlite laistigh de bhliain amháin	7,874	12,111
Dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin	-	-
	7,874	12,111

San áireamh sna féichiúnaithe trádála tá méideanna thar am dlite de €1.1 milliún (2023: €1.9 milliún) a ndéantar foráil le haghaidh Énialas (2023: Énialas) de laistigh d'fhorálacha drochfhéich.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

11 Airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim, taiscí gearrthéarmacha agus airgead tirim srianta

	Amhail an 1 Eanáir 2024 €'000	Sreafaí airgid €'000	Úsáid €'000	Amhail an 31 Nollaig 2024 €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	6,831	(16,474)	14,407	4,764
Taiscí gearrthéarmacha	53,090	-	2,421	55,511
Airgid Tirim Srianta	41,680	-	(16,828)	24,852
	101,601	(16,474)	-	85,127

Baineann airgead tirim srianta le Cuntas Reatha Chiste Cosanta na dTaistealaithe agus le bannaí airgid thirim a shealbhaítear le haghaidh gníomhairí taistil ceadúnaithe agus tionscnóirí turas. Baineann an laghdú mór sa bhliain le heintiteas mór amháin a bhogann ó bhanna airgid chuig banna árachais sa bhliain.

12 Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2024 €'000	2023 €'000
Creidiúnaithe trádála	1,065	1,133
Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus leas sóisialach (nóta 13)	784	774
Taiscí a glacadh	24,852	41,680
Fabhrúithe	2,859	2,664
Foráil maidir le conradh dochraideach	-	750
Ioncam iarchurtha	6,440	5,186
	36,000	52,187

Sa bhliain roimhe sin, aithníodh léas dochraideach don oifig ag 7 Ardán Phort an Iarla. In 2024, thángthas ar chomhaontú idir IAA agus an tiarna talún chun an léas a fhoirceannadh. Mar thoradh air sin, úsáideadh an €0.63 milliún den fhoráil maidir le léas dochraideach i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus scaoileadh an t-iarmhéid de €0.12 milliún a bhí fágtha le linn na tréimhse sin. Ina theannta sin, íocadh Muirir Chíosa agus Seirbhíse de thart ar €249k (de réir an chonartha a bhí ann cheana) in 2024 le haghaidh na tréimhse nuair a bhog an fhoireann go dtí áitreabh IAA (d'aistrigh an fhoireann dheireanach an 31 Deireadh Fómhair 2023) go dtí dáta géillte an léasa i mí na Bealtaine 2024.

13 Cáin agus leas sóisialach áirithe le creidiúnaithe eile

	2024 €'000	2023 €'000
ÍMAT	616	551
Cáin bhreisluacha	28	136
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	140	85
Creidiúnaithe eile	-	2
	784	774

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

14 Sócmhainn chánach iarchurtha/(dliteanas)

	Tagairt	2024 €'000	2023 €'000
Sócmhainn chánach iarchurtha – gan cánacha a bhaineann le sochair fostaithe a áireamh (reatha)	(i)	59	18
Sócmhainn chánach iarchurtha – a bhaineann le sochair fostaithe (neamh-reatha)	(ii)	1,003	1,034
Sócmhainn chánach iarchurtha		1,062	1,052

(i) Cánachas iarchurtha – gan cánacha a bhaineann le sochair fostaithe a áireamh –

	2024 €'000	2023 €'000
Ag tús na bliana	18	(105)
Creidmheas don chuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7)	41	94
Dáileadh ANSP	-	29
Ag deireadh na bliana	59	18

San áireamh i gcánachas iarchurtha – gan sochair fostaithe san áireamh tá €Nialas (2023: €Nialas) sa Chuideachta dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin a bhaineann le hioncam incháinithe ar dháta sa todhchaí.

(ii) Cánachas iarchurtha – a bhaineann le sochair fostaithe –

	2024 €'000	2023 €'000
Ag tús na bliana	1,034	(5,537)
Athruithe ar thoirimhdí achtúireacha aitheanta in OCI	168	(1,321)
Muirearaithe ar an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7)	(199)	(238)
Dáileadh ANSP	-	8,130
Ag deireadh na bliana	1,003	1,034

15 Scairchaipiteal glaoite - cothromas

	2024 €'000	2023 €'000
Údaraithe, leithdháilte, glaoite agus íoctha go hiomlán		
17,858,000 gnáthscair ag €1.27 an scair	22,675	22,675

16 Díbhinní cothromais íoctha

	2024 €'000	2023 €'000
Cuideachta		
Fógartha agus íoctha i rith na bliana		
An díbhinn deiridh íoctha: €Nialas do gach scair i ndáil le 2024 (2023: €0.0023 do gach scair i ndáil le 2022)	-	5,265

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

17 Páirtithe gaolmhara

Cosúil le go leor comhlachtaí rialtais eile, déileálann an IAA i ngnáthchúrsa gnó le comhlachtaí agus ranna rialtais eile, mar Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (“DAA”) cpt., Údarás Aerfort na Sionainne Teo, Bord Soláthair an Leictreachais (“ESB”), an Roinn Iompair, agus Met Éireann.

Roimhe seo glacadh leis gurb ionann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) agus páirtí gaolmhar, ach ón dáta dísithe (an 1 Bealtaine 2023), scaoileadh CAR agus aistríodh an gnó go dtí IAA.

Ar an gcuma chéanna, de réir Acht 2022, aistríodh an gnó ANSP go dtí AirNav na hÉireann, arb ionann é, ón dáta dísithe, agus páirtí gaolmhar de chuid IAA. Go stairiúil laistigh de IAA, sholáthair an rannán SRD (oibríocht leantach), maoirseacht sábháilteachta rialála ar rannán ANSP (oibríocht scortha), atá aistrithe go dtí AirNav na hÉireann. Tá IAA ag leanúint ar aghaidh le maoirseacht rialála sábháilteachta a dhéanamh ar AirNav na hÉireann i ndiaidh an dáta Dísithe. I rith na bliana, thuill IAA ioncam de €7.04 milliún (2023: €6.6 milliún) trí mhaoirseacht rialála sábháilteachta a dhéanamh ar rannán ANSP (AirNav na hÉireann i ndiaidh an dáta dísithe). Chomh maith leis sin, i rith na bliana thuill IAA ioncam ciosa dar luach €1.7 milliún chun cuid d’fhoirgneamh a cheannoifige a léasú le AirNav na hÉireann. Amhail ar an 31 Nollaig 2024, tá infháltas dlite ag IAA ó AirNav na hÉireann dar luach €0.7 milliún (2023: €5.3 milliún).

De réir Acht 2022, san áireamh sna glansócmhainní a aistríodh go dtí AirNav na hÉireann bhí infheistíocht IAA i bhfochuideachta (IAA North Atlantic Inc.) agus an iasacht a bhí curtha ar fáil ag IAA don fochuideachta sin. Thuill IAA ioncam úis de €0.2 milliún ar an iasacht seo suas go dtí an dáta dísithe.

In 2014, ghlac IAA páirt i socrú tráchtála chun seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta a chur ar fáil do Entry Point North Ireland DAC, fochuideachta de Entry Point North (EPN) AB faoi úinéireacht 100%, cuideachta chomhlachaithe de IAA roimhe sin. Roimh an dáta dísithe, sholáthair Entry Point North Ireland DAC seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta do IAA ar bhonn neamhthuilleamaí. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023, thuill an IAA ioncam €1.3 milliún agus thabhaigh sé costais €4.6 milliún in idirbhearta le Entry Point North Ireland DAC. I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024, ní raibh aon idirbheart, ná iarmhéideanna gan íoc, idir IAA agus Entry Point North Ireland DAC ós rud é go bhfuil na seirbhísí sin á soláthar do AirNav na hÉireann anois.

Ag an dáta dísithe, tá na leasanna in Entry Point North (EPN) AB aistrithe go dtí AirNav na hÉireann Teo, agus anois cuireann Entry Point North Ireland DAC seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta ar fáil do AirNav na hÉireann agus ní chuireann sé na seirbhísí seo ar fáil do IAA níos mó.

Tá eolas maidir le nochtai a bhaineann le príomhphearsana bainistíochta le fáil i nóta 6.

18 Ceangaltais

	2024 €’000	2023 €’000
Caitéachas caipitil todhchaíoch ceadaithe ag na stiúrthóirí:		
Níl conradh bunaithe	-	2,500
Tá conradh bunaithe	844	1,915
	844	4,415

(i) Ceangaltais léasa oibriúcháin

Seo a leanas iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha faoi léasanna oibriúcháin neamh-incheallaithe:

	Foirgnimh 2024 €’000	Foirgnimh 2023 €’000
<i>Iníochta:</i>		
Laistigh de bhliain amháin	1,227	3,242
Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana	11,665	12,222
Níos mó na cúig bliana	19,643	20,605
	32,535	36,069

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

19 Sochair scoir

	2024 €'000	2023 €'000
Pinsean sochair shainithe (dliteanas) (féach A thíos)	(2,123)	(6,860)
Dliteanas pinsin ex-gratia forlíontach (féach B thíos)	-	(560)
Scéim sochair scoir (dliteanas) – CAR (féach C thíos)		
Scéim Pinsean Seirbhísí Aonair – CAR (féach D thíos)	-	-
Oibleagáidí sochair scoir iomlána	(2,641)	(8,273)

Tagann teidlíochtaí pinsin fostaithe chun cinn faoi roinnt scéimeanna le sochar sainithe, agus tá na sócmhainní a bhaineann leo dílsithe in iontaobhaithe neamhspleácha.

Déanann IAA luachálacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsin le sochar sainithe uair amháin gach trí bliana ar a laghad. Is é dáta na luachálacha achtúireacha is déanaí an 31 Nollaig 2024 agus clúdaítear ann na sochair fabhráithe ar fad. Rinne achtúirí neamhspleácha cáilithe na luachálacha seo.

Tá na luachálacha a rinneadh chun críche FRS 102 bunaithe ar na luachálacha maoinithe is déanaí le haghaidh na scéimeanna atá coigeartaithe ag na hachtúirí neamhspleácha chun cuntas a dhéanamh ar fhabhrú na ndliteanas suas go dtí an 31 Nollaig 2024 agus chun cuntas a dhéanamh ar na dálaí airgeadais ar an dáta sin. Cuireadh na luachálacha a úsáideadh chun críche FRS 102 i gcrích trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta, agus tá luach luaite le sócmhainní chun na críche seo ag margadhluach.

Níl na tuarascálacha achtúireacha, atá ar fáil do bhaill na scéimeanna, ar fáil don phobal chun iad a scrúdú.

Níl aon scéim neamhchistithe ag IAA ach amháin an dliteanas ex-gratia forlíontach agus scéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí (SPSPS) Níl aon ranníocaíocht gan íoc nó réamhíoctha ann ag deireadh na bliana.

A. Scéimeanna le Sochar Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

(i) Suimeanna aitheanta sa ráiteas ar an staid airgeadais	2024 €'000	2023 €'000
Luach láithreach oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt	(13,656)	(9,165)
Luach cóir shócmhainní an phlean	11,533	2,305
Glan (dliteanas)	(2,123)	(6,860)

Rinneadh foráil in Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, d'fheidhmeanna seirbhísí aerloingseoireachta IAA a bhunú mar chomhlacht Leathstáit tráchtála aonair. Chun éifeacht a thabhairt dó seo, scaradh na scéimeanna pinsin a bhí bunaithe ag IAA cheana bunaithe ar mheastacháin achtúireacha amhail an 30 Aibreán 2023 ar dhliteanas agus ar shócmhainní, i ndiaidh an dáta dílsithe, Phlean Pinsin Údarás Eitlíochta na hÉireann ("an Príomhphlean") agus Phlean Pinsin Hibridigh Údarás Eitlíochta na hÉireann, 2012 ("an Plean Hibrideach") a bhaineann le gach cuideachta.

Tháinig méadú ar dhliteanas phinsin i rith na bliana mar gheall ar mhéaduithe tuarastail níos airde ná mar a thiomhdítear agus mar gheall ar áireamh an liúntais le haghaidh pinsin idirlinne áirithe ar tugadh cuntas orthu roimhe sin lasmuigh den scéim. Tháinig méadú bliain ar bhliain ar na sócmhainní pinsin mar gheall ar ranníocaíochtaí suntasacha fostóirí de €8.2m san iomlán i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear ranníocaíocht bhreisithe fostóra de €6.8m tar éis luacháil achtúireach na scéime a cuireadh i gcrích le linn 2023. Mar thoradh air sin, bhí glandliteanas pinsin €2.1 milliún ag an gCuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €6.9 milliún) i leith na scéimeanna sochar sainithe pinsin ("na Scéimeanna").

Is é an ráta lascaire an phríomhthoimhde a spreagann an t-athrú ar dhliteanas chomhlána na Scéime. Dá dtiocfadh laghdú 0.25% go 3.35% ar an ráta lascaire a úsáideadh, gan tionchar a imirt ar luach na sócmhainní, thiocfadh méadú ar an nglandliteanas go €2.8 milliún. I bhfianaise fhad na scéime pinsin, foráiltear go bhféadfadh gluaiseachtaí ábhartha ráta lascaire tarlú, rud a dhéanadh difear do ghlanuimhne sócmhainne nó dliteanas na Scéime.

D'aithin an Chuideachta an glandliteanas amhail an 31 Nollaig 2024.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

19 Sochair scoir (ar lean)

A. Scéimeanna le Sochar Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann (ar lean)

	2024 Aonad Réamh-Mheasta	2024 Aonad Réamh-Mheasta
(ii) Toimhdí achtúireacha		
<i>Meán-thoimhdí ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair</i>		
Ráta lascaire	3.60%	3.60%
Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta	2.50%	3.50%
Ráta an mhéadaithe ardú céime	0.50%	0.50%
Ráta an bhoilscithe praghsanna	2.00%	2.20%
Ráta an mhéadaithe pinsin	0.00%	0.00%

Tá na toimhdí a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn leis na dliteanais phinsin ag an dáta tuairiscithe bunaithe ar na táblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus cuimsítear iontu liúntas chun an fad saoil a fheabhsú amach anseo. Tá na toimhdí seo comhionann le bheith ag súil leis go mairfidh duine atá 65 bliain d'aois i gcomhair roinnt blianta mar seo a leanas:

	2024	2023
<i>Úsáideadh ionchas saoil do bhall fireann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:</i>		
Baill ghníomhacha reatha agus iarchurtha	25.3	25.1
Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair	23.5	23.4
<i>Úsáideadh ionchas saoil do bhall baineann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:</i>		
Baill ghníomhacha reatha agus iarchurtha	27.1	27.0
Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair	25.3	25.2

Roghnaítear na toimhdí a úsáideann an t-achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha a d'fhéadfadh, mar gheall ar an tréimhse i gceist, gan a bheith i gceist i gcleachtas.

	2024 €'000	2023 €'000
(iii) Gluaiseachtaí ar luach cóir shócmhainní an phlean		
Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana	2,305	528,072
Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean seachas ioncam úis	94	10,978
Ioncam úis	243	7,260
Ranníocaíochtaí fostóra	8,219	6,140
Ranníocaíochtaí na mball	735	1,365
Sochair íoctha ón bplean	(63)	(6,916)
Ranníocaíocht ó ANSP*	-	(544,594)
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	11,533	2,305

*Ag an dáta dílsithe, choinnigh an IAA an chuid den oibleagáid le sochar sainithe a bhain lena fhostaithe, agus aistríodh an chuid fágtha den oibleagáid le sochar sainithe go dtí AirNav na hÉireann ag an dáta sin (féach thíos). Dáileadh sócmhainní uile an phlean a bhain leis an scéim ar AirNav na hÉireann freisin ar an dáta dílsithe. Dá réir sin, choinnigh IAA luach €69m d'airgead tirim ag an dáta dílsithe (mar a comhaontaíodh le AirNav na hÉireann), i bpáirt chun críche a chinntiú gur chomhlíon IAA a oibleagáid maidir le pinsean le sochar sainithe. Chinn iontaobhaithe an IAA €6.8m de sin a aistriú chun an dliteanas pinsin a chomhlíonadh.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

19 Sochair scoir (ar lean)

A. Scéimeanna le Sochar Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann (ar lean)

	2024 €'000	2023 €'000
(iv) Gluaiseachtaí ar luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe		
Oibleagáid sochair ag tús na bliana	(9,165)	(483,775)
Costas reatha seirbhíse	(1,259)	(3,290)
Costas úis	(329)	(6,750)
Ranníocaíochtaí na mball	(735)	(1,366)
Atomhas: gnóthachain achtúireacha	(1,707)	(458)
Sochair íoctha ón bplean	63	6,916
Aistriú ó phinsean forlíontach ex gratia (Féach B thíos)	(524)	-
Dáileadh ANSP	-	479,558
Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana	(13,656)	(9,165)
(v) Codanna an chostais pinsin	2024 €'000	2023 €'000
<i>Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais</i>		
Costas seirbhíse reatha (nóta 3)	(1,259)	(3,290)
Costas airgid thirim bhreise (nóta 3)	-	(1,818)
Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 4)	243	7,260
Costas úis ar dhilteanais le sochar sainithe (nóta 5)	(329)	(6,750)
Costas iomlán pinsin aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais	(1,345)	(4,598)
Suímeanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile		
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha aitheanta láithreach	(1,613)	10,520
Costas airgid thirim bhreise	-	1,818
	(1,613)	12,338
Iomlán don bhliain	(2,958)	7,740
Méid carnach caillteanas achtúireach aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	(130,577)	(128,964)
	Méid na sócmhainní plean 2024 €'000	Méid na sócmhainní plean 2023 €'000
(vi) Sócmhainní an Phlean		
<i>Na leithdháiltí sócmhainne amhail an 31 Nollaig:</i>		
Urrúis chothromais	-	-
Urrúis bannaí	5,620	1,529
Eile	5,913	776
	11,533	2,305

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

19 Sochair scoir (ar lean)

A. Scéimeanna le Sochar Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann (ar lean)

Muirearófar ioncam úis ar shócmhainní plean ag 3.6% (2023: 3.6%).

	2024 €'000	2023 €'000
Toradh iarbhair ar shócmhainní		
Toradh iarbhair ar shócmhainní an phlean	337	18,238
(vii) Méideanna nochta riachtanacha eile		€'000
Ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil a bheidh á n-íoc ag IAA i rith 2025		1,523

B. Dlíteanas pinsin forlíontach ex-gratia

	2024 €'000	2023 €'000
Ag tús na bliana	560	3,645
Dáileadh ANSP	-	(3,190)
Suimeanna curtha ar fáil do pinsin forlíontach ex-gratia		
Dlíteanas	(36)	105
Íocaíochtaí déanta i rith na bliana	-	-
Aistrithe chuig an bpríomhscéim pinsin (féach thíos)	(524)	-
Suimeanna a bheidh dlite i ndiaidh níos mó ná aon bhliain amháin	-	560

Sa bhliain roimhe sin, rinneadh foráil maidir le híocaíochtaí pinsin breise ex-gratia, lasmuigh de scéimeanna pinsin IAA, chun an bhearna a shárú d'fhostaithe áirithe a bhí incháilithe dul ar scor idir 60 agus 65 bliana d'aois, ach nach raibh incháilithe don phinsean stáit go dtí gur shroich siad aois scoir an stáit. Comhaontaíodh i rith na bliana reatha go ndéanfaí foráil sa phríomhphlean (féach nóta A thuas) do na pinsin idirlinne sin. Mar thoradh air sin, scaoileadh an fhoráil seo agus aistríodh €524,000 a bhaineann leis an bpinsean idirlinne seo chuig an bpríomhphlean, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024.

C. Scéim Sochair Scoir – CAR

	2024 €'000	2023 €'000
(i) Suimeanna aitheanta sa ráiteas ar an staid airgeadais		
Luach láithreach oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt	(7,153)	(6,801)
Luach cóir shócmhainní an phlean	6,635	5,948
Glan (dlíteanas)	(518)	(853)

Is socrú sochair scoir tuarastail deiridh sochair shainithe í an scéim sochair scoir seo agus sainítear na sochair trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha maidir leis an scéim 'samhail' san earnáil phoiblí. Socraítear rátaí ranníocaíochta fostóirí ag féachaint do chomhairle achtúireach agus d'athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe a theastaíonn don scéim. Soláthraíonn an scéim sochar scoir (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochair scoir céilí agus leanaí. Is iondúil gur 65 bliana d'aois an aois scoir. Is gnách go dtagann méadú ar shochair scoir in íocaíocht (agus iarchur) i gcomhréir le boilsciú praghsanna.

Mar thoradh air sin, bhí glandlíteanas pinsin €0.5 milliún ag an gCuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €0.9 milliún) i leith na scéimeanna sochar sainithe pinsin.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

19 Sochair scoir (ar lean)

Is é an ráta lascaine an phríomhthoimhde a spreagann an t-athrú ar dliteanais chomhlána na Scéime. Dá dtiocfadh laghdú 0.25% go 3.35% ar an ráta lascaine a úsáideadh, gan tionchar a imirt ar luach na sócmhainní, thiocfadh méadú ar an nglandliteanas go €0.8 milliún. I bhfianaise fhad na scéime pinsin, foráiltear go bhféadfadh gluaiseachtaí ábhartha ráta lascaine tarlú, rud a dhéanfadh difear do ghlansuíomh sócmhainne nó dliteanais na Scéime.

D'aithin an Chuideachta an glandliteanas amhail an 31 Nollaig 2024.

C. Scéim Sochair Scoir – CAR (ar lean)

	2024 Aonad Réamh-Mheasta	2024 Aonad Réamh-Mheasta
(ii) Toimhdí achtúireacha		
<i>Meán-thoimhdí ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair</i>		
Ráta lascaine	3.60%	3.30%
Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta agus méadú ar ardú céime	3.00%	2.80%
Ráta an bhoiscithe praghsanna	2.00%	2.30%
Ráta an mhéadaithe pinsin	2.00%	2.30%

Tá na toimhdí a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn leis na dliteanais phinsin ag an dáta tuairiscithe bunaithe ar na táblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus cuimsítear iontu liúntas chun an fad saoil a fheabhsú amach anseo. Tá na toimhdí seo comhionann le bheith ag súil leis go mairfidh duine atá 65 bliain d'aois i gcomhair roinnt blianta mar seo a leanas:

	2024	2023
<i>Úsáideadh ionchas saoil do bhall fireann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:</i>		
Baill ghníomhacha reatha agus iarchurtha	25.3	24.5
Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair	23.5	22.0
<i>Úsáideadh ionchas saoil do bhall baineann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:</i>		
Baill ghníomhacha reatha agus iarchurtha	27.1	26.6
Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair	25.3	24.5

Roghnaítear na toimhdí a úsáideann an t-achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha a d'fhéadfadh, mar gheall ar an tréimhse i gceist, gan a bheith i gceist i gcleachtas.

	2024 €'000	2023 €'000
(iii) Gluaiseachtaí ar luach cóir shócmhainní an phlean		
Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana	5,948	-
Tráth éadála CAR	-	5,503
Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean seachas ús		
Ioncam	349	246
Ioncam úis	199	140
Ranníocaíochtaí fostóra	230	114
Ranníocaíochtaí na mball	40	26
Sochair íoctha ón bplean	(131)	(81)
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	6,635	5,948

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

19 Sochair scoir (ar lean)

C. Scéim Sochair Scoir – CAR (ar lean)

	2024 €'000	2023 €'000
(iv) Gluaiseachtaí ar luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe		
Oibleagáid sochair ag tús na bliana	(6,801)	-
Tráth éadála CAR	-	(5,924)
Costas reatha seirbhíse	(138)	(90)
Costas úis	(227)	(152)
Ranníocaíochtaí na mball	(40)	(26)
Atomhas: gnóthachain achtúireacha	(77)	(689)
Sochair íoctha ón bplean	130	80
Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana	(7,153)	(6,801)
(v) Codanna an chostais pinsin	2024 €'000	2023 €'000
<i>Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais</i>		
Costas seirbhíse reatha (nóta 3)	(138)	(90)
Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 4)	199	140
Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe (nóta 5)	(227)	(152)
Costas iomlán pinsin aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais	(166)	(102)
Méideanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile		
Gnóthachain achtúireacha aitheanta láithreach	272	(443)
	272	(443)
	106	(545)
Méid carnach caillteanas achtúireach aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	(171)	(443)
(vi) Sócmhainní an Phlean	Méid na sócmhainní plean 2024 €'000	Méid na sócmhainní plean 2023 €'000
<i>Na leithdháiltí sócmhainne amhail an 31 Nollaig:</i>		
Urrúis chothromais	3,131	2,927
Urrúis bannaí	2,471	1,868
Eile	1,033	1,153
	6,635	5,948
Gearrfar ioncam úis ar shócmhainní an phlean ag 3.3% (2023 : 3.5%).		
	2024 €'000	2023 €'000
<i>Toradh iarbhír ar shócmhainní</i>		
Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean	548	386

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

19 Sochair scoir (ar lean)

C. Scéim Sochair Scoir – CAR (ar lean)

(vii) Méideanna nochta riachtanacha eile

	€'000
Ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil a bheith á n-íoc ag IAA i rith 2025	243

D. Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) - CAR

(i) Suimeanna aitheanta sa ráiteas ar an staid airgeadais

	2024 €'000	2023 €'000
Luach láithreach oibleagáidí neamhchistithe	(422)	(395)
Sócmhainn an tsochair scoir iarchurtha (féach thíos)	422	395
Glansócmhainn/(dliteanas)	-	-

Is Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”) í seo, scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh poiblí inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Aithníonn IAA sócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh Sochar Scoir ar bhonn fhorálacha Alt 44 d’Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

De bhrí gur comhlacht Leathstáit é IAA, agus gur ghlac IAA seilbh ar chonarthaí fostaíochta bhaill na Scéime Pinsean Aonair ar an 1 Bealtaine 2023, ní raibh siad i dteideal a bheith páirteach in SPSPS níos mó. Chruthaigh IAA scéim scátháin lenar bhain na rialacha céanna leis an SPSPS le haghaidh na bhfostaithe sin. Ar an 1 Bealtaine 2023, glacadh leo mar bhaill iarchurtha de SPSPS bunaithe ar a ranníocaíochtaí go dtí an 30 Aibreán 2023.

D’aithin an Chuideachta sócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh SPSPS ar bhonn fhorálacha Alt 44 d’Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

	2024 Aonad Réamh-Mheasta	2023 Aonad Réamh-Mheasta
(ii) Toimhdí achtúireacha		
<i>Meán-thoimhdí ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair</i>		
Ráta lascaire	3.60%	3.30%
Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta	3.00%	2.80%
Ráta an bhoilscithe praghsanna	2.00%	2.30%
Ráta an mhéadaithe pinsin	2.00%	2.30%

	2024 €'000	2023 €'000
(iii) Gluaiseachtaí ar luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe		
Oibleagáid sochair ag tús na bliana	(395)	-
Tráth éadála CAR	-	(371)
Costas reatha seirbhíse	-	-
Costas úis	(13)	(9)
Ranníocaíochtaí na mball	-	-
Atomhas: gnóthachain achtúireacha	(14)	(15)
Sochair íoctha ón bplean	-	-
Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana	(422)	(395)

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

19 Sochair scoir (ar lean)

D. Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) - CAR (ar lean)

	2024 €'000	2023 €'000
(iv) Codanna an chostais pinsin		
<i>Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais</i>		
Costas seirbhíse reatha (nóta 3)	-	-
Costas airgid thirim bhreise (nóta 3)	-	-
Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 4)	13	9
Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe (nóta 5)	(13)	(9)
Costas iomlán pinsin aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais	-	-
Méideanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile		
Gnóthachain achtúireacha aitheanta láithreach	-	-
Iomlán don bhliain	-	-
Méid carnach caillteanas achtúireach aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	-	-

Bhí an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh SPSPS amhail an 31 Nollaig 2024 cothrom le €422,000, le gluaiseachtaí de €13,000 agus €14,000 aitheanta sa ráiteas ar bhrabús agus caillteanas agus sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile faoi seach, i rith na tréimhse tuairiscithe.

E. Scéimeanna Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

I rith na bliana, bhí IAA freagrach as dhá scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe - ‘Plean Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012’ agus ‘Scéim Pinsean an Rialtóra Eitlíochta’. Is ionann an muirear pinsin don bhliain agus ranníocaíochtaí atá iníoctha ag IAA leis na scéimeanna agus bhí sé cothrom le €221,000 (2023: €248,000).

20 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta

Príomhfhoinsí d’éiginnteacht meastacháin

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bainistíochta meastacháin agus breithiúnais a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar mhéideanna tuairiscithe sócmhainní agus dliteanas ag dáta na ráiteas airgeadais agus méideanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas i rith na tréimhse tuairiscithe.

Tá meastacháin agus breithiúnais bunaithe ar eispéireas stairiúil agus ar fhachtóirí eile atá réasúnach bunaithe ar an gcás i láthair na huaire. Ní gá go mbeadh na torthaí iarbhir cosúil leis na meastacháin seo má tá na toimhdí seo mícheart nó má fhorbraíonn coinníollacha seachas mar a rabhthas ag súil leo chun críoche a leithéid de mheastacháin. Is réimse criticiúil é seo a leanas a cheanglaíonn ar an bhfoireann bainistíochta meastacháin agus breithiúnais a dhéanamh.

Toimhdí pinsin

Is meastachán suntasach é luacháil na scéimeanna pinsin le sochar sainithe i ráitis airgeadais IAA. Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 19. Is é an toimhde lena mbaineann an éiginnteacht meastacháin is mó an ráta lascaire. Tá athbhreithniú agus measúnú déanta ag na stiúrthóirí ar na toimhdí a rinne na hachtúirí gairmiúla neamhspleácha fad is a bhí measúnú á dhéanamh ar luach cóir na scéimeanna pinsin le sochar sainithe agus tá siad den tuairim go bhfuil siad réasúnach.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

21 Diúscairt ghnóthas ANSP

De bhun Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993 (“Acht 1993”), go stairiúil, chuir IAA dhá phríomhfheidhm i gcrích thar ceann an Stáit, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar rialáil sábháilteachta don eitlíocht shibhialta agus feidhmeanna Soláthraí Seirbhíse Aerloingseoireachta (“ANSP”) a chur ar fáil don eitlíocht shibhialta.

D’fhoráil achtú Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 (“Acht 2022”), d’aistriú Fheidhm ANSP chuig Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann DAC (“AirNav na hÉireann”).

Foráladh in Acht 2022 freisin do chumasc feidhmeanna agus ghlansócmhainní an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta (“CAR”), rialtóir eitlíochta eacnamaíche neamhspleách, agus go mbeadh rialtóir eitlíochta sibhialta náisiúnta amháin á bhunú ag IAA.

Tharla an dá cheann thuas an 1 Bealtaine 2023, an dáta a cheap an tAire Iompair mar dháta dílsithe d’Acht 2022. Ar an dáta sin, d’aistrigh IAA Gnóthas ANSP agus an fhoireann ghaolmhar chuig AirNav na hÉireann, agus fuair sé ar leithligh na glansócmhainní, na fostaithe agus na conarthaí agus na comhaontuithe gaolmhara uile de chuid an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta.

Aistríodh an Gnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann agus san áireamh san aistriú bhí na glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara uile de chuid Ghnóthas ANSP lena n-áirítear scairshealbhú IAA in IAA North Atlantic Inc agus Entry Point North AB.

Aistríodh glansócmhainní Ghnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann ag a luach anonn sonraithe i ráitis airgeadais na Cuideachta ar an 1 Bealtaine 2023. Tá eolas maidir leis na glansócmhainní a aistríodh le fáil sa tábla thíos.

De bhun Alt 19 d’Acht 2022, ba í an chomaoin chun Gnóthas ANSP a fháil ó IAA an tsaincheist don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe maidir le 96 ghnáthscair i scairchaipiteal AirNav na hÉireann.

Ó thaobh na Cuideachta de, bhí an chomaoin a fuarthas do dhiúscairt Ghnóthas ANSP cothrom le €Nialas, dá bhrí sin, bhí cuntas déanta ar aistriú Ghnóthas ANSP mar dháileadh measta ón gCuideachta go dtí an Stát.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

21 Diúscairt ghnóthas ANSP (ar lean)

	Luach anonn de ANSP amhail an 1 Bealtaine 2023 €'000
Sócmhainní seasta	
Sócmhainní inláimhsithe	101,904
Sócmhainní airgeadais	11,995
Sócmhainn pinsin	65,036
	178,935
Sócmhainní reatha	
Féichiúnaithe	147,135
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	63,840
	210,975
Creidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	(32,195)
Glansócmhainní reatha	178,780
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanas reatha	357,715
Creidiúnaithe: méideanna atá dlite i ndiaidh aon bhliain amháin	(36,011)
Foráil le haghaidh dliteanas	
Oibleagáidí sochair scoir	(3,190)
Dlitéanas chánach iarchurtha	(8,159)
Glansócmhainní	310,355
Dáileadh measta	310,355

22 Éadail CAR

Mar atá leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe i nóta 1, d'fhoráil achtú Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, ("Acht 2022"), d'aistriú Fheidhm ANSP chuig Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann.

Foráladh in Acht 2022 freisin do chumasc fheidhmeanna agus ghlansócmhainní an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, rialtóir eitlíochta eacnamaíche neamhspleách, agus go mbeadh rialtóir eitlíochta sibhialta náisiúnta amháin á bhunú ag IAA. Ar an 1 Bealtaine 2023, an dáta ainmnithe ag an Aire Iompair mar an dáta dilsithe d'Acht 2022, shealbhaigh IAA glansócmhainní, fostaíthe agus gach conradh agus comhaontú gaolmhar de chuid an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta ("CAR").

Tá cuntas déanta ag an gCuideachta d'éadail oibríochtaí CAR trí úsáid a bhaint as an modh cuntasáíochta cumaisc. Is é an toradh a bhí ar an modh cuntasáíochta cumaisc a chur i bhfeidhm aistriú shócmhainní agus dhliteanas oibríochtaí CAR ag luachanna anonn i ráitis airgeadais an aistreora ("CAR") nó díreach roimh an 1 Bealtaine 2023, gan aon choigeartú le haghaidh luachanna córa. Níor aistríodh aon chomaoín chun oibríochtaí CAR a fháil agus, dá bhrí sin, i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023, aithníodh coigeartú, go díreach i gcothromas, mar ranníocaíocht chaipitil, ar mhéid a bhí cothrom le luach anonn an aistreora ar na glansócmhainní a fuarthas.

San áireamh sa Ráiteas ar bhrabús agus caillteanas agus ioncam cuimsitheach eile tá idirbhearta ó oibríochtaí CAR ón 1 Bealtaine 2023.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

22 Éadáil CAR (ar lean)

	Luach anonn Oibríochtaí CAR amhail an 1 Bealtaine 2023 €'000
Sócmhainní seasta	
Sócmhainní inláimhsithe	496
Sócmhainní pinsin sochair scoir	371
	867
Sócmhainní reatha	
Féichiúnaithe	290
Taiscí gearrthéarmacha	35,883
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	4,039
Creidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	(37,579)
Glansócmhainní reatha	2,633
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanas reatha	3,500
Foráil le haghaidh dliteanas	
Oibleagáidí sochair scoir	(792)
Glansócmhainní	2,708
Ranníocaíocht mheasta	2,708

23 Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhas suntasach eile a raibh tionchar aige ar an gCuideachta ón 31 Nollaig 2024, a d'éiligh coigeartú ina leith, nó nochtadh, sna ráitis airgeadais.

24 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 16 Aibreán 2025.



ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN
IRISH AVIATION AUTHORITY

Foirgneamh 'The Times',
11-12 Sráid D'Olier,
Baile Átha Cliath 2, D02 T449

www.iaa.ie